

Leabhar Iob.

Glacann an leabhar so a ainm ón bhfear naofa ar a dtráchtann sé. De réir na barúla is deallraithí, de shliocht Esau ab ea é, agus dob ionann é agus Iobab rí Edom ar a dtráchtaithear Gein. 36:33. Nil deimhne ar cé ' scríbh an leabhar. Deir drong gurb é Iob féin do scríbh é. Deir drong eile gurb é Maois, nú duine de sna fáidhíbh a scríbh é. Is i véarsa atá sé san Éabhrais, ó thosach an triú caibidil go dtí caibideal a dó agus daichead.*

Caib. a hAon

Fíoraontacht Iob agus a saibhreas. Sátan, le cead ó Dhia, ag baint a mhaoine go léir de. A fhoighne.

1 Bhí fear i dtír Huis¹ agus Iob ab ainm do agus bhí an fear san símplí agus díreach agus eagla Dé air agus é ag seachnadh uilc. 2 Agus do rugadh do mórsheisear mac agus triúr iníon. 3 Agus b'é a shealús seacht míle caíora agus trí mhíle camall agus chúig céad seisreach damh, agus chúig céad asal, agus muintir a bhí mór thar na beartaibh. Agus ba mhór é an fear san i measc na ndaoine lastoir. 4 Agus théadh a chlann mhac agus dheinidís féasta, de réir tithe², gach duine 'na lá féin, agus chuiridís fios ar a dtriúr driféar agus thugaidís leo iad chun bheith ag ithe agus ag ól 'na dteannta. 5 Agus nuair a bhíodh laethanta a bhféastaí gofa tímpall do chuireadh Iob teachtaireacht chúthu agus do naomhaíodh sé iad, agus d'éiríodh sé go moch agus d'íbreadh sé *holocauist* thar cheann gach duine acu, óir deireadh sé: le heagla go mb'fhéidir go bhfuil peaca déanta ageam mhacaibh, agus go bhfuil Dia beannaithe³ acu 'na gcroithibh. Agus do dheineadh Iob mar sin an uile lá.

6 Ach lá áirithe, nuair a tháinig clann mhac Dé⁴ chun go seasóidís os cómhair an Tiarna bhí Sátan ann, leis, ar a measc. 7 Agus duairt an Tiarna leis: Cá dtáinís-se? Agus d'fhreagair seisean agus duairt: Tá gofa mórhímpall na cruinne agam agus tá siúlta tríthi agam. 8 Agus duairt an Tiarna leis: Ar bhreithnís mo sheirbhíseach Iob, ná fuil éinne mar é ar an saol, duine símplí díreach, agus eagla Dé air, agus é ag seachnadh uilc?

9 Agus d'fhreagair Sátan agus duairt sé: An in aisce atá eagla Dé ar Iob? 10 Ná fuil claí cosanta déanta agat do féin agus dá theaghlach agus dá mhaoín mórhímpall? Nár chuiris do bheannacht ar oibreachaibh a lámh, agus nár mhéadaigh a shealúsaí ar an dtalamh? 11 Ach shín do lámh beagán agus bain lena chuid go léir, agus **ansan**⁵, mura gcuiridh sé a bheannacht san aghaidh ort?

12 Ansan duart an Tiarna le Sátan: Féach. Tá a bhfuil aige id lámh, ach ná cuir do lámh ar a phearsain. Agus d'imigh Sátan a láthair an Tiarna.

1 Caib. 1. véar. 1. "Hus." Cuid de thalamh Edoim ab ea tír Huis: mar a chítear ó Lam. 4:21.

—*Ibid.* "Simplí" .i. macánta, díreach, gan cham.

2 Véar. 4. "De réir na dtithe" .i. Dhein gach duine féasta 'na thigh féin agus bhí a lá féin aige, agus thug sé cuireadh don chuid eile agus dá dhriféarachaibh.

3 Véar. 5. "Beannaithe." Le corp **ghráin** ar an machnamh ba lú 'na mbeadh diamhasla deineann an scriptiúir, san áit seo, agus arís i v. 11, agus arís, i v. 5 agus i v. 9 sa chaib. ag teacht, úsáid den fhocal "beannaithe", biodh gurb é a mhalairt is ciall.

4 Véar. 6. "Clann mhac Dé." .i. Na haingil.

—*Ibid.* "Sátan, leis." Cuireann an chainnt sin os ár gcómhair, i bhfigiúir a thagann isteach le nósáibh agus le tuiscint daoine, 1. Sátan ag oibriú coitianta in aghaidh seirbhíseach Dé; 2. ná fuil ar chumas Sátain aon ní a dhéanamh gan cead ó Dhia; 3. ná tugann Dia cead do Shátan fromadh ' dhéanamh ar a sheirbhísigh os cionn a neart: agus go dtugann sé cúnadh dóibh, lena ghrásta, i dtreo ná deineann dícheall a namhad ach fíoraontacht na seirbhíseach do thaispeáint agus a luacht saothair do mhéadú.

5 **A word missed out? Féach ansan?**

13 Ansan, lá áirithe, bhí clann mhac agus clann iníon Ioib ag ithe, agus ag ól fiona, i dtigh an driothár ba shine, 14 agus tháinig teachtaire chun Ioib agus duairt sé: Bhí na daimh ag treabhadh agus bhí na hasail ag inníor 'na n-aice 15 agus tháinig na Sabéigh agus do ritheadar isteach agus thógadar gach aon rud chun siúil agus mharáodar na seirbhísigh leis an gclaíomh agus níor chuaigh as ach mise chun an scéil a dh'insint duit. 16 An fhaid a bhí sé sin ag cainnt tháinig duine eile agus duairt sé: Do thit tine Dhia ó neamh agus do bhuaíl sí na caoire agus na seirbhísigh agus do loisc sí iad agus níor chuaigh as ach mise chun an scéil a dh'insint duit. 17 Bhí sé sin ag cainnt agus féach, tháinig duine eile agus duairt sé: Dhein na Chaldéigh trí buíne agus chuadar chun na gcamall agus thógadar leo iad, agus mharáodar na seirbhísigh leis an gclaíomh agus níor chuaigh as ach mise chun an scéil a dh'insint duit. 18 Agus an fhaid a bhí an fear san ag cainnt tháinig fear eile isteach agus duairt sé: Bhí do chlann mhac agus do chlann iníon ag caitheamh bídh agus ag ól fiona i dtigh an driothár ba shine acu 19 agus do tháinig gaoth láidir go hobann ó thaobh an uaignis agus do chroith sí cheithre chúinne an tí agus do thit an tigh ar do chlaínn agus táid siad marbh, agus níor chuaigh as ach mise chun an scéil a dh'insint duit.

20 Ansan d'éirigh Iob agus do stract sé a chuid éadaigh, agus do bheárr sé a cheann agus chaith sé é féin anuas ar an dtalamh ag adhradh, 21 agus duairt sé: Nocht a thánag amach a broinn mo mháthar agus nocht a chasfad ann. Is é an Tiarna do thug. Is é an Tiarna do thóg chun siúil. Mar is toil leis an dTiarna atá déanta. Moladh le hainm an Tiarna.

22 In sna nithibh sin go léir níor dhein Iob peaca lena bheólaibh, ná níor labhair sé aon ní amadánta in aghaidh Dé.

Caib. a Dó

Sátan, le cead ó Dhia, ag cur na n-othras ar Iob ó mhullach talamh. Foighne Ioib ag buachtaint.

1 Agus do thárla, lá áirithe, go dtáinig clann mhac Dé, agus go rabhadar 'na seasamh os cómhair an Tiarna agus tháinig Sátan 'na measc agus bhí sé 'na seasamh 'na radharc. 2 Agus duairt an Tiarna le Sátan: Cé dtáinís-se? Agus d'fhreagair seisean agus duairt sé: Tá gofa tímpall an domhain agam agus tá siúlta thríd agam.

3 Agus duairt an Tiarna le Sátan: Ar thugais fé ndeara mo sheirbhíseach Iob, conas mar ná fuil aon duine sa domhan mar é, duine macánta díreach, agus eagla Dé air, agus é ag seachnadh an uile agus dhá chimeád féin neamhchionntach? Ach do ghríosais-se me 'na choinnibh i dtreó gur chuireas cruatan air gan chúis. 4 Agus d'fhreagair Sátan agus duairt sé: Croiceann in aghaidh croicin, agus scarfaidh duine lena bhfuil aige thar cheann a anama. 5 Sínn amach do lámh chuige agus bain lena chnámh agus lena chuid feóla, agus ansan is ea ' chífir go dtabharfaidh sé beannacht san aghaidh duit. 6 Agus duairt an Tiarna le Sátan: Féach, tá sé id lámh agat, ach leog a anam saor.

7 Ansan d'imigh Sátan amach a láthair an Tiarna agus do bhuaíl sé Iob le hothras róléanmhar, ó bhonn a choise go mullach a chínn. 8 Agus thóg sé licín agus bhíodh sé ag glanadh an anagail de féin agus é 'na shuí ar chárn-aoiligh. 9 Agus duairt a bhean leis: An bhfuilir ag fanúint id shimplíocht fós? Beannaigh Dia agus faigh bás. 10 Agus duairt sé léi: Do labhrais mar a labharfadh duine de sna mnáibh gan chiall. Má tá nithe fóna fálta againn ó lámh Dé cad 'na thaobh ná faighimís drochnithe? In sna nithibh sin go léir níor pheacaigh Iob lena bheólaibh.

11 Ach d'airigh triúr cáirde Ioib an t-olc go léir a bhí tagaithe air agus thánadar gach duine acu ón' áit féinig, Eliphaz an Temaníteach, agus Baldad an Suhíteach, agus Sophar an Naamatíteach. Óir bhí coinne déanta acu go dtiocfaidís in éineacht agus go gcuirfidís sólas air. 12 Agus nuair a thógadar suas a súile agus iad i bhfad uaidh níor aithníodar é agus do liúdar amach agus bhíodar ag gol agus do stracadar a gcuid éadaigh agus chuireadar luathreach ar a gceannaibh i dtreó neimhe.

Leabhar Iob.

13 Agus do shuíodar ar an dtalamh 'na theannta ar feadh seacht lá agus seacht n-oíche agus níor labhair éinne acu focal leis: óir do chonacadar go raibh a bhuairt ana-mhór.

Caib. a Trí

Leagann Iob a bhreithiúntas ar chruatanaibh beatha an duine agus cuireann sé a mhallacht ar an lá rugadh é.

1 Ansan d'oscail Iob a bhéal, agus chuir sé a mhallacht¹ ar an lá a rugadh é 2 agus duairt sé:

3 Íde ar an lá a rugadh mise agus ar an oíche adúradh: Do gabhadh leanbh fireann.

4 Iompaítear an lá san chun dorchadais.

Anuas air nár fhéachaidh Dia.

5 Nár ghealaidh solas é.

Doircheacht agus scamall an bháis dhá chlúdach.

Ceó go leathaidh air.

Agus i seirithean go bhfilltear é.

6 Gaoth dhubh ghuarnain go mbeiridh ar an oíche sin.

Nár uimirthear* í i laethantaibh na bliana.

In sna míosaibh nár áirítear í.

7 Uaigneach go raibh an oíche sin.

A moladh nár thuillidh sí.

8 Mallacht uirthi ón lucht a chuireann mallacht ar an lá,
an lucht atá ollamh ar *leiviatan* do thógáilt suas.

9 Doirchítear na réilte lena ceó.

Bíodh a súil le solas agus ná feiceadh sí an solas,
ná éirí lóchainte an lae.

10 Toisc nár dhún sí dóirse na broinne a dh'iompair mise,
agus nár thóg sí na huilec óm shúilibh.

11 Cad 'na thaobh ná fuaras bás sa bhroínn?

Nár éagas láithreach tar éis teacht as an mbolg?

12 Cad 'na thaobh gur glacadh me ar ghlúnibh?

Gur thál cíocha orm?

13 Mar bheinn anois im chodladh go ciúin
agus bheadh socracht im chodladh agam.

14 Mar aon le ríthibh agus le consalaibh an domhain
a bhíonn ag déanamh uaigneasaí dhóibh féin.

15 Nú leis na príunsaibh go mbíonn an t-ór acu,
agus a líonann a dtithe le hairgead.

16 Nú ar nós na gine do thagann roim thráth ní bheinn ann in aon chor.

Nú ar a nós san a gabhadh agus ná feacaigh an solas.

17 San áit sin a stadaid mallaitheoirí de challóid,
agus a bhíonn suaimhneas ag an neart a tuirsíodh.

18 Sin iad, dlúite le chéile tráth gan bhuaireamh, iad,
nár airigh glór an éigeantóra,

1 Caib. 3. véar. 1. "*Mallacht.*" Do chuir Iob a mhallacht ar an lá a rugadh é. Ní hamhlaidh, áfach, a bhí olc aige dá iarraidh ar aon ní dár chruthaigh Dia, ach is amhlaidh a theastaigh uaidh géire an chruatain a bhíonn ar dhaoibh do chur in úil, agus go háirithe, géire an chruatain a bhí air féin an uair sin.

Leabhar Iuib.

19 Táid ansúd an beag agus an mór,
agus an seirbhíseach saor óna mháistir.
20 Cad 'na thaobh gur tugadh solas don doghrainneach,
agus beatha do lucht seirithin anama?
21 Iad ag tnúth le bás, agus ná tagann sé
ar nós daoine ag rómhar ag lorg stórais?
22 Agus áthas thar bárr orthu nuair ' gheibhid an uaigh?
23 Do dhuine go bhfuil a shlí fé cheilt,
agus gur chuir Dia doircheacht 'na thimpall?
24 Bím ag éamh sara n-ithim bia.
Mar scéith uisceacha a bhíonn mo bhúirtheach.
25 Óir an t-eagal go raibh eagla agam roimis tá sé tagaithe orm,
agus an ní go raibh eagla agam roimis tá sé titithe amach dom.
26 Nár dheineas ceilt? nár eisteas? nár fhanas socair?
agus tá fíoch tagaithe anuas orm.

Caib. a Ceathair

Eliphás ag casadh neamhfhoighne le Iob agus dhá dhéanamh amach nár chuir Dia riamh pionós ar neamhchionntach.

1 Ansan d'fhreagair Eliphás, an Temaníteach agus duairt sé:—
2 Má thosnaímíd ar labhairt leat b'fhéidir nách go réidh a ghlacfair é.
Ach cé ' fhéadfaidh cainnt atá gofa aige do chimeád siar?
3 Féach; thugais-se teagasc dá lán,
agus do neartaís lámha a bhí tuirseach.
4 Cuir do chainnt misneach i ndaoine a bhí ag guagadh,
agus chuiris neart i nglúinibh ag bhí ag crith.
5 Ach anois tá an sciúirse tagaithe ort féin
agus tá laige ort.
6 Ca bhfuil t'eagla? Ca bhfuil do neart?
Ca bhfuil t'fhoighne agus beachtacht do shlite?
7 Cuímhnich, aicim ort, cé hé an neamhchionntach go dtáinig íde riamh air?
Nú cathain a deineadh íde ar fhíoraonaibh?
8 A mhalairt sin. Is iad an mhúintir a dheineann mallaitheacht
agus a chuireann dólás agus a bhaineann iad.
9 Do chonac dá n-ídiú le gaoith ó Dhia
agus dá loscadh le hanál a fheirge.
10 Búirtheach an leóin, agus guth na leóna,
agus fiacla na gcat león, bristear iad.
11 D'éag an *tigris* le heaspa foghla,
agus táid na leóin óga scaipithe chun fáin.
12 Do labhradh liomsa focal i bpríobháid,
agus do ghlac mo chluas, i ganfhios, mar a bheadh féitheanna a chogair,
13 In uathás aislinge san oíche,
nuair is gnáth greim ag codladh ar dhaoineibh,
14 do ghreamaigh scannradh orm, agus crith,
agus bhí sceón im chnámhaibh go léir.

Leabhar Iuib.

15 Agus nuair a ghluais sprid thorm,
do sheasaimh an fionnadh ar mo chroiceann.
16 Do sheasaimh ann aon nárbh aithin dom a ghnúis,
íomhá os cómhair mo shúl.
Agus chloiseas mar ' bheadh guth gaoithe míne:
17 An mbreithneófar duine ' bheith ceart i gcúmparáid le Dia?¹
Nú níos glaine ná a dhéantóir?
18 Féach, níl lucht a fhriothála seasmhach,
agus do fuair sé mallaitheacht in' aingealaibh.
19 Nách mó go mór a bheidh lucht cónaithe i dtithibh cré, agus gur ar chré atáid siad suíte,
dá n-ídiú mar ' ídeódh an leamhan iad.
20 Beifar dhá ngearradh ó mhaidin go neóin,
agus toisc ná tuigeann éinne, beidh íde shíoraí orthu.
21 Agus iad san a fágfar, tógfar uathu iad:
éagfaid siad agus ní hin eagna.

Caib. a Cúig

Eliphas ag leanúint dá chómhairle, agus é dhá iarraidh ar Iob a pheacaí d'adhmháil.

1 Má tá éinne d'fhreagródh thu glaeigh anois orthu,
agus iompaigh chun duine de sna naoimh.
2 Maraíonn fearg an t-amadán go deimhin,
agus maraíonn formad an duine beag.
3 Chonac an t-amadán agus préamh dhaingean aige,
agus chuireas eascaine ar a áilleacht láithreach.
4 Is fada ó shábháil a bheidh a chlann.
Ídeófar iad sa gheata,
agus ní bheidh éinne chun iad d'fhuascailt.
5 Íosfaid lucht ocrais an fómhar air,
agus tógfaidh fear amrtha é le neart,
agus sloigfid lucht tarta a chuid saibhris.
6 Ní deintear aon ní ar talamh gan chúis,
agus ní has an dtalamh a dh'fhásann dólás.
7 Beirtear an duine chun oibre,
agus an t-éan chun eítíl.
8 Dá bhrí sin guífeadsa an Tiarna,
agus is le Dia a dhéanfadh mo chainnt.
9 Óir is é a dheineann nithe móra doscrúdaithe,
agus nithe iúntacha thar áireamh.
10 Tugann sé fearthainn ar aghaidh na talún,
agus uiscíonn sé gach ní le huisceachaibh.
11 Cuireann sé lucht úmhlaíochta suas go hárd,
agus cuireann sé sólás ar lucht buartha.
12 Cuireann sé beartú na mailíseach ar neamhní,
i dtreo ná féadann a lámha ar thosnaíodar do chríochnú.

1 Caib. 4. véar. 17. "An mbreithneófar duine ' bheith ceart i gcúmparáid le Dia? &c." Sin í an chainnt a dh'airigh Eliphas ó aingeal ar a dtugann sé "sprid", v. 15.

Leabhar Iuib.

13 Beireann sé ar lucht eagna 'na ngastacht féinig,
agus cuireann sé cómhairle drochdhaoine ar seachrán.
14 Raghaid siad sa doircheacht i gcaitheamh an lae.
Agus beid siad ag lámhacán i lár an lae mar a bheidís san oíche.
15 Féach, saorfaidh sé an t-uireaspach ó chlaíomh a mbéil,
agus an bocht ó láimh an éigeantaigh.
16 Agus beidh dóchas ag an uireaspach
agus tarraiceoidh an mhallaitheacht a béal isteach,
17 Is aoibhinn don té a smachtaítheas ó Dhia.
Ná diúltaigh, dá bhrí sin, do smachtú an Tiarna.
18 Óir créachtnaíonn sé agus leighseann sé.
Buaileann sé, agus déanfaidh a lámh cneasú.
19 I sé cruatanaibh fuasclóidh sé thu,
agus sa seachtú ceann ní bhainfidh olc leat.
20 I ngorta saorfaidh sé ó bhás tu:
agus i gcath, ó láimh an chlaímh.
21 Curfar i bhfolach thu ó sciúirse na teangan.
Agus ní bheidh eagla roim mhí-ádh ort nuair a thiocfaidh sé.
22 I léirscrios agus i ngorta beir ag gáirí,
agus ní bheidh eagla ort roim bheithigh na talún,
23 Ach beidh connradh agat le clochaibh na dtíortha.
Agus beidh beithigh na talún i síocháin leat.
24 Agus beidh ' fhios agat do thaibearnacal a bheith i síocháin.
Agus ag féachaint t'áilleachta dhuit ní dhéanfair peaca.
25 Beidh ' fhios agat, leis, go méadófar do shíol
agus go mbeidh do shliocht mar fhéar na talún.
26 Raghair isteach san uaigh i bhflúirse,
mar a tugtar isteach cruach crithneachtan i dtráth.
27 Féach, tá san amhlaidh, mar a scrúdamaí,
éist leis agus breithnigh é it aigne.

Caib. a Sé

Iob ag deimhniú a neamhchionntachta féin agus ag gearán ar a cháirdibh.

1 Ach d'fhreagair Iob, agus duairt sé:—
2 Is trua gan mo pheacaí¹, lena bhfuil fearg tuíllte agam, agus an pionós atá agam dá fhulag, dá meá i midh.
3 Mar ghainimh na mara do chífí gur troime an pionós: dá dheascaibh sin atá mo chainnt lán de dhólás.
4 Óir táid saígheada an Tiarna ionam,
agus tá a bhfíoch ag diúgadh mh'anama.
Agus táid uathása an Tiarna ag cur chogaidh orm.
5 An mbeidh an t-asal fiain ag búirthigh agus féar aige?

1 Caib. 6. véar. 2. “*Mo pheacaí.*” Ní hamhlaidh atá comórtas aige á dhéanamh idir a phionós agus na peacaí a dhein sé, ach idir é agus na peacaí do shamhlaigh a cháirde a bhí déanta aige, go mór mór an peaca feirge nú buartha do mheasadar a dhein sé lena chainnt sa tríú caib., agus go rabhadar ag gearán chómh mór air, bíodh, mar aduairt sé leó, ná raibh aon chomórtas idir é agus a phian.

Leabhar Ioib.

Nú an mbeidh an damh ag búirthigh agus é ar aghaidh mainséir atá lán?

6 Nú an féidir rud leamh a dh'ithe gan é leasaithe le salann? Nú an féidir do dhuine **rud do bhlaiseadh más bás a bhlaiseadh?**

7 Na rudaí nár mhaith le m'anam baint leó roimis seo,
is iad mo bhia anois iad, le méid guaise.

8 Cé ' thabharfaidh dom go bhfaighead mo ghuí
agus go dtabharfaidh Dia dhom an ní atá uaim?

9 Agus an té a thosnaigh go n-ídeó' sé me,
go scaoilfidh sé a lámh agus go dteascfaidh sé me.

10 Agus go mbeidh so de shólás agam, go mbuailfidh sé le dólás me, agus ná spárálfaidh sé me,
agus ná labharfadsa in aghaidh briathar an Aein-Naofa.

11 Óir cad é mo neartsa, go bhféadfainn seasamh?

Nú cad é mo chríoch, go ndéanfainn foighneamh?

12 Ní neart cloch mo neart,
ní de phrás mo chuid feóla.

13 Féach níl aon chabhair dom ionam féin
agus táid mo dhaoine muínteartha, leis, imithe uaim.

14 An té a thógann trua óna charaid
scarann sé le heagla an Tiarna.

15 Do ghoibh mo bhráithre thorm
ar nós an tsrutha do ritheann trí sna gleanntaibh.

16 An drong gurb eagal leó an reó liath,
titfidh an sneachta anuas orthu.

17 An uair a bheid said scaipithe éagfaid siad:
agus nuair a thiocfaidh teas leighfar as a n-áit iad.

18 Táid cosáin a gcéimeanna in achrann.

Beid siad ag siúl in aistear agus éagfaid siad.

19 Breithnídh cosáin Thema,
slithe Shaba, agus stadaidh tamall beag.

20 Táid siad ar mearaí toisc gur ghlacas dóchas.

Do thánadar san, leis, go dtí me, agus táid siad clúdaithe le náire.

21 Thánabhairse anois;
agus nuair a chionn sibh mo chruatan tá eagal oraibh.

22 An nduartsa: Tugaidh chúm,
agus bronnaidh orm cuid dúr maoin?

23 Nú, fuasclaidh me a láimh an namhad,
agus saoraidh me a láimh na gcómhachtach?

24 Múinidh me agus beidh mé ciúin,
agus má tá ní in ainbhios orm deinidh me ' theagasc.

25 Cad chuige dhíbh baint ó bhréithribh na fírinne,
agus gan éinne agaibh ábalta ar aon ní do chur im leith.

26 Gan sibh ag córú cainnte ach chun imdheargtha,
agus an chainnt agaibh á labhairt leis an ngaoith.

27 Sibh ag cur isteach ar an ndílleachtaí,
agus ag casadh lenúr gearaid do threascairt.

28 Mar sin féin críochnaídh an rud a thosnabhair.
Tugaidh cluas agus féachaidh an ndeinim bréag.

29 Freagraidh, aicim oraibh, gan aighneas,

Leabhar Ioib.

agus breithnídh, ag labhairt an ruda is ceart.
30 Agus ní bhfaighidh sibh mallaitheacht im theangain.
Ná ní labharfaidh amadántaacht im béal.

Caib. a Seacht

Job ag áireamh na mífhoirtún atá i mbeatha an duine: agus é ag iompáil a chainnte chun Dé.

1 Cogadh is ea beatha an duine ar an saol, agus is cuma a laethe nú laethe fir tuarastail.
2 Mar a bhíonn an seirbhíseach ag tnúth leis an scáth, a bhíonn an fear tuarastail ag tnúth le deireadh a chod' oibre.
3 Sin mar atáimse, leis, tar éis míosa folmha ' bheith agam, agus tar éis oícheanta tuirseacha d'áireamh dom féin.
4 Má luím chun codlata, deirim: Cathain ' éireód? agus arís bead ag tnúth leis an neóin agus me líonta de dhólás go dtagaidh an doircheacht.
5 Tá mo chuid feóla clúdaithe le lofacht agus tá mo chroiceann feóchta crapaithe le salachar luathrí.
6 Táid mo laethanta imithe níos mire ná mar a ghearrann an fíodóir an fí, agus táid siad imithe gan aon dóchas.
7 Cuímh'nigh ná fuil im beatha ach gaoth agus ná fillfidh mo shúil chun nithe fóna d'fheiscint.
8 Ná ní fheicfidh radharc duine me.
Táid do shúilese orm, agus ní bhead ann a thuilleadh.
9 Mar a dh'ídíthear an scamall agus d'imíonn sé, sin mar ná tiocfaidh aníos an té a raghaidh síos go hifreann.
10 Ná ní fillfidh sé arís chun a thí, ná ní aithneóidh a inead é a thuilleadh.
11 Dá dheascaibh sin ní spárálfad mo bhéal.
Labharfad i gcruatan mo spride.
Déanfadh cainnt le seirithean m'anama.
12 An farraige me, nú míol mór, gur dhúnais isteach i gcarcair me?
13 Má deirim: Tabharfaidh mo leabaidh sólás dom, agus beidh faiseamh agam ag labhairt liom féin ar mo leabaidh.
14 Cuirfirse scannradh orm le taibhrithibh, agus buailfir me le huathás in aislingíbh,
15 i dtreó gurb annsa le m'anam crochadh agus lem chnámhaibh bás.
16 Tá deireadh lem dhóchas. Ní mhairfeadh a thuilleadh in aon chor.
Spáráil me, is neamhní feasta mo laethanta.
17 Cad é an ní an duine go mórann tú é? Nú cad 'na thaobh go gcuireann tú do chroí ann?
18 Tagann tú chuige ar maidin go moch agus deineann tú fromadh air go hobann.
19 Cad é an fhaid ná spárálfair me, agus ná leogfair dom mo sheile do shlogadh?
20 Tá peaca déanta agam: Cad a dhéanfadh leatsa, a chosnamhaí an duine (na ndaoine)? Cad 'na thaobh gur chuiris ar t'aghaidh me, agus go bhfuilim im ualach orm féinig?

Leabhar Ioib.

21 Cad 'na thaobh ná tógann tú chun siúil mo pheaca
agus cad 'na thaobh ná tógann tú uaim mo mhallaitheacht?
Féach, codlód anois sa luaithrigh, agus má loirgeann tú me ar maidin ní bhead ann.

Caib. a hOcht

Baldad, chun cirt Dé do chosaint mar dhea, ag cur i leith Ioib, agus dhá chómhairliú dho iompáil chun Dé.

1 Ansan d'fhreagair Baldad, an Suhíteach, agus duairt sé:—

2 Cad é an fhaid a bheidh na nithe sin agat dá rá,
agus cad é an fhaid a bheidh cainnt do bhéil
mar ' bheadh gaoth láidir?

3 An mbréagnaíonn Dia breithiúntas?

Nú an iompaíonn an Tiarna an ceart taobh síos suas?

4 Bíodh gur pheacaigh do chlann in' aghaidh agus gur fhág sé iad i lámh a mallaitheacht*:

5 má éiríonn tusa go moch chun Dé,
agus an tUilechómhachtach do ghuí,

6 má shiúlann tú glan, díreach,
múiscleóidh sé chút láithreach,

agus déanfaidh sé cónaí t'fhíoraontachta síochánta:

7 chómh mór san, má ba bheag iad do nithe roimhe sin,
go méadófar go mór do nithe deirineacha.

8 Óir, ceistigh an tsliocht atá imithe,

agus féach go géar isteach i gcuímhne ár n-athrach,

9 (óir nílimídne ann ach ó inné, agus is ainbhiosach sinn
gur cuma nú scáil ár laethe ar an saol).

10 Agus múinfid siad tu, labharfaid siad leat,
agus tabharfaid siad cómhrá óna gcroí dhuit.

11 An féidir don bhrobh bheith glas gan úrmhaireacht?

Nú do sheisc fás gan uisce?

12 Nuair a bhíonn sé 'na bhláth, gan stathadh le lámh,
feóchann sé roimis na glasraí eile do léir.

13 Sin mar atá ag an ndrong a dheineann dearúd de Dhia,
agus raghaidh dóchas gach feallaire ar feó.

14 Ní chuirfidh a dhíth céille áthas air,

agus beidh a mhuinín mar shnáth an damháin alla,

15 Luífidh sé ar a thigh agus ní sheasóidh a thigh.

Cuirfidh sé taca fé agus ní éireóidh sé.

16 Meastar úrmhaireacht a bheith aige roim theacht na gréine,
agus ag éirí dhi tiocfaidh a bhláth amach.

17 Beidh a phréamhacha tiubh ar chárnán cloch,
agus i measc na gcloch a dh'fhanfaidh sé.

18 Má shloigeann duine é as a inead

séanfaidh sé é agus déarfaidh sé: Ní aithním thu.

19 Óir sid é áthas a shlí

go bpreabfadh tuilleadh arís as an gcré.

20 Ní chaithfidh Dia uaidh an duine símplí,

ná ní shínfidh sé a lámh chun an drochduine:
21 go dtí go mbeidh do bhéal lán de gháirí,
agus do bheoil lán de gháirdeachas.
22 Beidh an drong a thug fuath dhuit clúdaithe le mearaí,
agus ní sheasóidh cónaí na mallaitheoirí.

Caib. a Naoi

Iob ag admháil cirt Dé, bíodh go gcuireann sé go minic cruatan ar an neamchionntach.

1 Agus d'fhreagair Iob agus duairt sé:
2 Tá ' fhios agam go bhfuil san amhlaidh.
Agus nách féidir duine ' bheith ceart i gcomórtas le Dia.
3 Má dheineann sé aighneas leis
ní féidir do é ' fhreagairt uair as an míle.
4 Is eagna croí é agus is cómhachtach neart:
cé ' chuir 'na choinnibh agus go raibh síocháin aige?
5 An té a dh'aistrigh cnuic, agus an mhúintir a threascair sé in' fheirg nárbh eól dóibh é.
6 Croitheann sé an chruinne asw a hinead
agus bíonn a colamna ar crith.
7 Tugann sé órdú don ghréin agus ní éiríonn sí.
Dúnann sé suas na réiltíní mar ' bheidís fé shéala.
8 Is é amháin do leathann amach na spéartha,
agus do shiúlann ar thonntachaibh na mara.
9 Is é a dheineann Arcturus¹ agus Orion
agus Hiades, agus a bhfuil laistigh sa deisceart.
10 Is é a dheineann nithe móra, dothuisceanta,
iúntacha, gan áireamh.
11 Má thagann sé chúm ní fheicfead é,
má imíonn sé, ní thuigfead.
12 Má cheistíonn sé go hobann cé ' dhéanfaidh freagairt,
nú cé ' fhéadfaidh a rá: Cad chuige dhuit san a dhéanamh?
13 Dia nách féidir d'éinne cur in aghaidh a fheirge
agus go lúbaid faoi lucht iompair na cruinne.
14 Cé hé mise mar sin go dtabharfainn freagra air,
agus go labharfainn mo chainnt leis?
15 Mise, ná tabharfadh freagra air bíodh go mbeadh an ceart agam,
ach go ndéanfainn guí chun mo bhreithimh.
16 Agus dá n-airíodh sé me ag glaoch air
ní chreidfínn gur airigh sé me.
17 Óir brúfaidh sé me le gaoith ghuarnain,
agus iomadóidh sé mo chneathacha gan aon chúis².
18 Ní thugann sé aon tsuaimhneas dom sprid,
agus líonann sé me de shearús.
19 Más neart a loirgtear, tá sé fíorláidir.

1 Caib. 9. véar. 9. "Arcturus," ainmneacha réalt, nú reann, iad san. *Arb*, agus *Cesil*, agus *Cimah* na hainmneacha san Éabhras. Feic nóta caib. 38. véar. 31.

2 Véar. 17. "*Gan chúis*," .i. gan fhos na cúise agam; nú gan aon choir a bheith déanta agam.

Leabhar Ioib.

Más ceart breithiúntais, ní léomhfaidh aon fhear fianaise ' thabhairt ar mo shon.
20 Más mian liom me féin do cheartú daorfaidh mo bhéal féin me.
Más mion liom me féin a thaispeáint neamhchionntach, taispeánfaidh sé cionntach me.
21 Bíodh go mbeinn símplí, ní bheidh a fhios san féin ag m'anam,
agus beidh mé tuirseach dem bheatha*.
22 Tá aon ní amháin atá ráite agam.
Ídíonn sé idir chionntach agus neamhchionntach.
23 Má sciúrsálann sé maraíodh sé láithreach,
agus ná gáireadh sé uim phian* an neamhchionntaigh.
24 Tá an domhan tabhartha isteach i lámh an mhallaitheóra.
Tá aghaidh na mbreithiún aige á chlúdach.
Ach murab é sin é, cé hé féin?
25 Táid mo laethe níos luaithe ná an giolla turais.
Táid siad imithe agus ní fheacadar aon mhaith.
26 Táid siad imithe ar nós na loinge a bheireann torthaí léi.
Ar nos an fhiolair ag eiteall chun na foghla.
27 Má abraim: Ní labharfad ar an gcuma san,
athraím m'aghaidh, agus cráitear me le dólás.
28 Dob eagal liom m'oibreacha go léir,
mar bhí ' fhios agam ná spáráltá an cionntach.
29 Ach más cionntach me sa ní sin, leis.
Cad 'na thaobh gur dheineas saothar in aistear?
30 Má nítear me le mar ' bheadh uisce sneachtaidh
agus go mbeid mo lámha ag taithneamh le róghlaine,
31 túmfair me sa tsalachar ansan féin,
agus beidh gráin ageam chuid éadaigh orm.
32 Óir ní fhreagród duine atá mar me féin
ná duine a gheóbhaidh cómhéisteacht liom i mbreithiúntas.
33 Níl éinne ann a dh'fhéadfaidh an bheirt d'imdheargadh,
agus a lámh a chur idir an mbeirt.
34 Tógadh sé uaim a shlat
agus ná bíodh a eagla 'om scanrú.
35 Labharfad, agus ní ghlacfad eagla roimis,
óir ní fhéadfad freagairt an fhaid a bhíonn (bheidh) eagla orm.

Caib. a Deich

Iob ag cásamh a chruatan agus dhá iarraidh go bhfuasclóí é.

1 Tá m'anam tuirseach dem beatha.
Scaoilfead lem chainnt im choinnibh féin.
Agus i searús mh'anama do labharfad.
2 Déarfad le Dia: Ná daor me.
Inis dom cad chuige dhuit an bhreith seo ' thabhairt orm.
3 An maith é, dar leat, tu ' bheith 'om mhaslú,
agus 'om brú, obair do lámh féinig,
agus ag cabhrú le haigne na gcuirpeach?
4 An súile feóla atá agat?

Leabhar Ioib.

Agus an mar ' chionn duine do chífirse?
5 An mar laethanta duine do laethantasa?
Agus an mar thráthanna daoine do bhlianta?
6 Go mbeifá ag cur tuairisce mo dhrochghnámh,
agus ag cuardach mo pheaca?
7 Agus nách foláir leat ' fhios a bheith agat nár dheineas aon ní mallaithe,
agus gan aon duine ann a dh'fhéadann fuascailt as do lámh.
8 Is iad do lámh a dhein me,
agus do chúm me mórtámpall,
agus an bhfuilir 'om chaitheamh uait síos go hobann ar an gcuma so?
9 Cuímhnigh, aicim ort, gur ar nós na cré a dheinis me
agus go tabharfair chun luaithrí me arís.
10 Nár chrúis me ar nós bainne
agus nár chruais me ar nós cáise?
11 Do chlúdaís me le croiceann agus le feoil.
Chuiris i mbun a chéile me le cnámhaibh agus le lúithreachaibh.
12 Thugais beatha dhom agus trócaire,
agus is é do theacht chúm a chúmhdáigh mo sprid.
13 Bíodh go bhfuilid na nithe sin i bhfolach agat id chroí,
tá ' fhios agamsa go gcuímhníonn tú ar an uile ní.
14 Má tá peaca déanta agam agus gur spáralais me ar feadh uaire,
cad 'na thaobh ná leogann tú dhom bheith glan ó m'iomarbhas?
15 Agus má bhím i bpeaca is mairg dom é,
agus má bhím gan pheaca ní thógfad mo cheann,
mar táim lán de theinneas agu de dhoghrainn.
16 Agus mar gheall ar uabhar tógfair me mar a tógtar an león bhaineann,
agus ag filleadh dhuit cráfair me go hiúntach.
17 Táíonn tú ag athnuachaint t'fhínnithe im choinnibh,
agus ag iomadú t'fheirge orm,
agus táid pianta ag cur chogaidh orm.
18 Cad chuige dhuit me ' thabhairt amach as an mbroínn?
Is trua nár hídíodh me sara bhfeicfeadh súil me!
19 Bheinn fé mar ná beinn,
dom breith ón mbroínn chun na huagha.
20 An amhlaidh ná beidh suarachas mo laethanta críochnaithe go luath?
Leog dom, dá bhrí sin, go gcaoinead mo dhólás roinnt bheag:
21 sara n-imíod, gan filleadh choíche,
chun tíre atá dorcha, agus clúdaithe le scamall an bháis.
22 Tír doghrainne agus doircheachta,
tír gan aon eagar, ach scamall an bháis ann,
agus urghráin mharthanach, i gcónaí.

Caib. a hAondéag

Sophar ag imdheargadh Ioib mar gheall ar bheith dhá chosaint féin agus dhá chómhairliú chun aithrí.

1 Ansan d'fhreagair Sophar, an Naamatíteach, agus duairt sé:

Leabhar Iuib.

2 an té a dheineann a lán cainnte an amhlaidh ná cloisfidh sé, leis.

Nú an é fear na cainnte móire go mbeidh an ceart aige?

3 An mbeidh daoine ciúin duitse amháin?

Agus nuair a bheidh gáire déanta uime dhaoineibh eile agat an amhlaidh ná sáróidh éinne thu?

4 Tá ráite agat: Tá mo chainnt gan sal,

agus táim glan id radharc.

5 Agus ba mhaith liom go labharfadh Dia leat,

agus go n-osclódh sé a bheoil chút.

6 Ionas go nochtadh sé dhuit rúin na heagna,

agus go bhfuil a dhlí iolartha,

agus go dtuigfá gur lú go mór atá aige á chur ort

ná mar atá tuillte ageat dhrochbheartaibh.

7 B'fhéidir go dtuigfir céimeanna Dé,

agus go bhfaighir amach an tUilechómhachtach go hiomlán.

8 Tá sé níos aoirde ná na flathais, agus cad a dhéanfair?

Tá sé níos doimhne ná ifreann, agus conas a gheóbhair eólas?

9 Tá a thuire níos sia ná an domhan,

níos leithe ná an fharraige.

10 Má iompaíonn sé nithe taobh síos suas,

nú má fháisceann sé ar a chéile iad,

cé ' bhréagnóidh sé?

11 Óir is eól do baois daoine,

agus nuair a chionn sé mallaitheacht ná breithníonn sé é?

12 Árdáithear an fear baoth le huabhar,

agus, dar leis, is saor a rugadh é féin ar nós siorraigh an asail fhiain.

13 Ach do chruais-se do chroí,

agus do leathais do lámha chuige.

14 Má cuireann tú uait an mhallaitheacht atá id láimh,

agus gan éagóir a dh'fhanúint id thaibearnacal,

15 ansan, ní miste dhuit gnúis gan mháchail do thógáilt suas,

agus beidh tú seasmhach, agus neamheaglach.

16 Ní bheidh cuímhne agat ar dhoghrainn, leis,

ach mar ' bheadh ar uisceachaibh atá imithe chun siúil.

17 Éireóidh solas mar lár an lae chút um thráthnóna.

Agus nuair a mheasfair tu ' bheith ídithe éireóir mar an réilt sholais.

18 Agus beidh muinín agat toisc dóchas a bheith curtha os do chómhair.

Agus nuair ' adhlacfar* thu codlóir i sáimhe.

19 Beidh suaimhneas agat, agus ní bheidh éinne chun eagla ' chur ort.

Agus beidh a lán ag ímpí do ghnúise.

20 Ach feóchfaid súile na ndrochdhaoine,

agus teipfidh an tslí chun dul as orthu,

agus urghráin anama a ndóchas.

Caib. a Dódhéag

Freagra Iuib ar Sophar. É ag moladh cómhachta agus eagna Dé.

1 Ansan d'fheagair Iob agus duairt sé:—

Leabhar Ioib.

- 2 An amhlaidh ná fuil aon daoine ann ach sibhse?
Agus an éagfaidh eagna in éineacht libh?
- 3 Tá croí agamsa, leis, chómh maith libh.
Óir cé hé nách eól do na nithe sin is eól díbh?
- 4 An té go mbeidh a cháird' ag magadh faoi mar atáid fúmsa,
glaofaidh sé ar Dhia agus éistfidh Dia leis.
Óir tarcaisnítear símplíocht an fhíoraein.
- 5 An lampa a tarcaisnítear i smaointibh lucht saibhris,
tá sé ollamh i gcómhair na haimsire atá ceapaithe.
- 6 Táid taibearnacail lucht foghla líonmhar,
agus gríosaid siad Dia go dána.
Bíodh gurb é Dia a thug gach ní 'na lámhaibh dóibh.
- 7 Ach ceistigh na beithígh agus teagascóid siad tu:
éanlaithe an aeir agus neósfaid siad duit.
- 8 Labhair leis an dtalamh agus freagró' sé thu,
agus neósfaid éisc na farraige.
- 9 Cé hé an duine nách eól do gurb í lámh an Tiarna do dhein na nithe sin go léir?
- 10 Is 'na láimh atá anam an uile ruda atá beó,
agus sprid gach feóla daonna.
- 11 Ná breithníonn an chluas focail óna chéile?
Agus cogansach an té a bhíonn ag ithe an blas?
- 12 In sna seanóiribh a bhíonn an t-eólas,
agus in aimsir fhada a bhíonn ciall.
- 13 Aige féin atá eólas agus neart.
Is aige féin atá cómhairle agus tuiscint.
- 14 Má leagann sé ar lár níl éinne a dhéanfaidh cur suas.
Má dhúnann sé suas duine níl éinne ' dh'fhéadfaidh oscailt.
- 15 Má choisceann sé na huisceacha féochfaidh gach ní.
Má scaoileann sé amach iad treascróid siad an domhan.
- 16 Is aige atá neart agus eagna.
Is eól do an feallaire agus an té ar a ndeintear an feall.
- 17 Seólann sé cómhairleacha chun críche gan chiall
agus breithiúin chun dúire aigne.
- 18 Scaoileann sé crios na ríthe,
agus ceanglann sé téad fan chuím orthu.
- 19 Seólann sé chun siúil sagairt gan glóire
agus treascrann sé uaisle móra.
- 20 Athraíonn sé cainnt lucht fírinne do labhairt,
agus tógann sé chun siúil teagasc na seanóirí.
- 21 Scaoileann sé amach drochmheas ar phriúnsaibh,
agus fuasclann sé an mhuíntir a bhí fé éigean.
- 22 Nochtann sé nithe doimhne as an ndoircheacht
agus tugann sé aníos chun solais scáil an bháis.
- 23 Iomadaíonn sé náisiúin, agus ídíonn sé iad,
agus cuireann sé suas arís iad tar éis iad a bheith treascartha.
- 24 Athraíonn sé croí phriúnsaí pobal an domhain, agus cuireann sé amú iad i dtreo go mbid siad ag
siúl in aistear in áit a bhíonn gan aon tslí ann.
- 25 Sa doircheacht a bheid siad ag gliúmáil agus ní sa tsolas.

Agus cuirfidh sé ag guagaireacht iad ar nós daoine ' bheadh ar meisce.

Caib. a Trídéag

Job ag deimhniú a mhacántachta féin ag imdheargadh a charad.

- 1 Féach, do chonaic mo shúil na nithe sin go léir agus d'airigh mo chluas iad, agus thuigeas gach ní dhíobh.
- 2 Tá eólas agamsa, leis, de réir úr n-eólais-se, agus nílím fénúr mbun.
- 3 Ach mar sin féin labharfad leis an Uilechómhachtach. Agus is méinn liom díospóireacht a dhéanamh le Dia.
- 4 Taispeánfad ar dtúis gur lucht bréag do cheapadh sibhse, agus lucht barúl éagórtha do chur i bhfeidhm.
- 5 Agus ba mhaith liom go bhfanfadh sibh ciúin, ionas go measfí gur fir chiallmhara sibh.
- 6 Éistidh, dá bhrí sin, le m'imdheargadh, agus tugaidh aire do bhreith mo bheól.
- 7 An bhfuil aon ghá ag Dia lenúr mbréig, gur ghá dhíbh labhairt i bhfeall ar a shon?
- 8 An amhlaidh a fhéachann sibh chun a phearsan, agus go bhfuiltí a d'iarraidh breith do thabhairt ar son Dé.
- 9 Nú an dtaithnfidh an ní sin leis an té nách féidir aon rud a cheilt air? Nú an ndéanfar feall air mar a déanfí ar dhuine, lenúr gceapaireacht éithigh?
- 10 Daorfaidh sé féin sibh, óir táthaoi ag féachaint fé cheilt chun a phearsan.
- 11 Chómh luath agus ' chorróidh sé é féin buairfidh sé sibh. Agus titfidh a eagla oraibh.
- 12 Curfar úr gcuímhne i gcúmparáid le luathrigh agus tabharfar úr muineálacha chun na cré.
- 13 Fanaidh ciúin tamall beag, go labhradsa pé rud a chuirfidh m'aigine in úil dom.
- 14 Cad 'na thaobh go mbím ag stracadh mo chod' feóla le m'fhiaclaibh? Agus ag breith m'anama im lámhaibh liom?
- 15 Bíodh go maródh sé me beidh mo mhuinín agam as. San am gcéanna lochtód mo shlíte 'na radharc.
- 16 Agus beidh sé 'na shlánaitheóir agam, mar ní thiocfaidh aon chealgairé 'na láthair.
- 17 Éistidh lem chainnt agus glacaidh 'núr gcluasuibh nithe diamhra.
- 18 Má tugtar breith orm, tá ' fhios agam go bhfaighfar fíoraonta me.
- 19 Cé hé a dhéanfaidh plé im choinnibh? Tagadh sé: Cad 'na thaobh go bhfuilim 'om ídiú agus me ciúin?
- 20 Tá dhá ní amháin agus ná dein liom iad, agus ansan ní folófar ó t'aghaidh me.
- 21 Tarraig do lámh i bhfad uaim agus ná bíodh t'eagla ag cur scannradh orm.

Leabhar Iuib.

22 Glaeigh orm agus freagród thu,
nú labharfadsa agus freagairse me.
23 An mór iad mo dhrocbhearta agus mo pheacaí?
Cuir in úil dom mo chortha agus mo chionnta.
24 Cad 'na thaobh duit t'aghaidh d'fholachadh
agus bheith dhá mheas gur namhaid duit me?
25 In aghaidh bileóige atá ag imeacht le gaoith atá do chómhacht agat á thaispeáint.
agus brobh feóchta atá agat dá chluicheadh.
26 Óir tá nithe géara agat dá scrí' im choinnibh
agus ídeóir me mar gheall ar pheacaibh m'óige.
27 Tá laincis curtha agat ar mo chois,
agus tá faire déanta agat ar mo shiúltaibh go léir,
agus céimeanna mo chos fé bhreithniú agat.
28 Mise, do hídeófar ar nós lofachta,
agus ar nós an éadaigh atá ite ag na leamhanaibh.

Caib. a Ceathairdéag

Job ag trácht ar ghiorracht saeil an duine: agus dhá rá go gcreideann sé in aiséiri na colla.

1 An duine, ó mhnaoi a beirtear é. Is géarr a mhaireann sé, agus é lán d'iomad doghrainní.
2 Tagann sé amach mar ' thagann bláth agus ídíthear é.
Imíonn sé mar an scáil gan fanúint choíche ar an staid gcéanna (ar aon staid amháin).
3 Agus an measann tú gur cuí dhuit do shuíle ' dh'oscailt ar a leithéid,
agus é ' thabhairt leat isteach i mbreithiúntas?
4 Cé ' dhéanfaidh glan an té a gabhadh i síol neamhghlan?
Nách tusa, an té amháin atá?
5 Táid laethe an duine géarr.
Is agatsa atá uimhir a mhíonna.
Táid a theóranna ceapaithe agat agus ní féidir dul thórsu.
6 Drid uaidh beagán, agus bíodh suaimhneas aige,
go dtagaidh an lá lena bhfuil tnúth aige, ar nós lae an fhir tuarastail.
7 Tá dóchas ag an gcrann.
Má géarrthar é iompaíonn sé glas arís,
agus fásaid a ghéaga.
8 Má chríonann a phréamh sa talamh,
agus go mbeidh a chabhail marbh sa luathrigh,
9 Le balaith an uisce tiocfaidh fás do,
agus cuirfidh sé duilliúr amach mar a dhein sé nuair a cuireadh é ar dtúis.
10 Ach an duine nuair a bheidh sé marbh, lofa, ídithe,
ca bhfuil sé ansan, fiafraím díot?
11 Fé mar a dh'imeódh an t-uisce as an bhfarraige,
nú mar ' thriomódh abha a bheadh folamh.
12 Mar sin don duine, nuair a thitfidh an codla air
ní éireóidh sé arís:
go dtí go mbrisfar an spéir ní dhúiseóidh sé,
ná ní éireóidh sé as a chodladh.
13 Cé ' thabharfaidh so dhómhsa, go gcosnóir me in ifreann.

Leabhar Iuib.

Agus go gcimeádfair me i bhfolach go n-imídh t'fhearg,
agus go gceapfair dom am 'na gcuímhneóir orm?
14 An mbeidh an duine atá marbh beó arís, an dó' leat?
Na laethanta go léir atáim anois ag troid, táim ag feitheamh chun go dtiocfaidh m'athrú.
15 Glaofairse orm agus freagrórsa thu.
Sínfir amach do lámh dheas chun t'oibre féin.
16 Is fíor go deimhin go bhfuil mo chéimeanna uimheartha agat,
ach spáráil mo pheacaí.
17 Táid mo chionnta mar ' bheidís fé shéala agat mar ' bheidís i mála.
Ach tá mo chionntacht leighiste agat.
18 Titeann an cnuc agus leathann sé ar neamhní,
aistrítear an charraig as a hinead.
19 Caitheann an t-uisce na clocha
agus cnaíonn an t-uisce an talamh tirim, leis, i ndiaidh ar ndiaidh:
agus ídeóirse an duine ar an gcuma gcéanna.
20 Do neartaís é go ceann tamaill bhig, chun go n-imeódh sé go deó.
Athróir a aghaidh agus cuirfir chun siúil é.
21 Peocu chun onóra nú chun easonóra a thiocfaidh a chlann, ní thuigfidh sé é.
22 Beidh a chuid feóla i bpéin, áfach, an fhaid a mhairfidh sé.
Agus beidh a anam ag caoineadh os a chionn.

Caib. a Cúigdéag

Eliphaz ag tabhairt fé Job arís, agus dhá insint cad é an drochstaid 'na mbíod aicme an uilc.

1 Agus d'fhreagair Eliphaz an Temaníteach, agus duairt sé:
2 An ndéanfaidh fear eagnaí freagra fé mar a bheadh sé ag cainnt leis an ngaoith?
Agus an líonfaidh sé a bholg le teas beirithin?
3 Taoi ag iomaidh i gcainnt le duine nách do dhiongbháil,
agus tá nithe nách maith dhuit agat dá rá.
4 Chómh fada agus atá ionat tá eagla curtha ar neamhní agat¹,
agus tá úrnaithe tógtha chun siúil agat ó láthair Dé.
5 Mar tá do bhéal múinte ageat mhallaitheacht,
agus tá aithris agat á dhéanamh ar theangain lucht diamhaslaithe.
6 Ní dhaorfadsa thu ach daorfaidh do bhéal féin tu:
agus tabharfaidh do bheóil féin freagra ort.
7 An tu an chéad duine do rugadh,
agus ar deineadh tu roimis na cnucaibh?
8 An bhfuil éistithe agat le cómhairle Dé,
agus an bhfuil eagna Dé níos lú ná t'eagnasa?
9 Cad is eól duitse nách eól dúinne?
Cad a thuigeann tú ná tuigimidne?
10 Tá againne, leis, daoine aosta agus seanóirí,
níos sine go mór ná t'aithreachasa.
11 An mór le rá é go gcuirfeadh Dia sólás ort?
Ach tá do chainnt mhallaithe dhá chosc san.
12 Cad chuige go bhfuil do chroí dhot árdú suas,

1 Caib. 15. véar. 4. "Eagla curtha ar neamhní agat." .i. tá eagla roim fheirg a chur ar Dhia caite dhíot agat.

Leabhar Ioib.

- agus do shúil ar leathadh fé mar ' bheadh smaointe móra agat?
13 Cad chuige dod sprid bheith ag borradh in aghaidh Dé agus a leithéid de chainnt a theacht as do bhéal?
14 Cad é an ní an duine go bhféadfadh sé bheith gan mháchail, agus an té a rugadh ó mhnaoi go bhféachfadh sé fíoraonta?
15 Féach, i measc a naomh níl aon do-athraithe, agus ní hion na flaithe 'na radharc.
16 Nách mó ná san go mór atá an duine gráinniúil neamhthairbheach, agus é ag ól mallaitheachta mar ' ólfadh sé uisce?
17 Taispeánfadsa dhuit, éist liom: neósfad duit an rud a chonac.
18 Admhaíd lucht eagna¹ agus ní fholaíd siad a n-aithreacha:
19 Is dóibh amháin a tugadh an talamh, agus níor tháinig eachtrannach ar a measc.
20 Bíonn an duine mallaithe baoth a laethe go léir, agus níl deimhin ar uimhir blianta a thíorántachta.
21 Bíonn fothram sceóin 'na chluasaibh i gcónaí, agus nuair a bhíonn síocháin ann bíonn eagla fill air.
22 Ní chreideann sé gur féidir do casadh ó dhoircheacht go solas, ag faire 'na thimpall, don chlaíomh, ar an uile thaobh.
23 Nuair a chorraíonn sé é féin ag lorg bídh, aithníonn sé lá na doircheachta ' bheith ollamh láimh leis.
24 Beidh trioblóid ag cur scanradh air, agus beidh doghrainn 'na thimpall, ar nós rí ag ollmhú chun catha.
25 Mar do shín sé a lámh in aghaidh Dé, agus do neartaigh sé é féin in aghaidh an Uilechómhachtaigh.
26 Do rith sé 'na choinnibh agus a mhúineál 'na choilgsheasamh agus é armtha le muineál ramhar.
27 Tá a aghaidh clúdaithe le blonag, agus an bhlonag ar sileadh síos ar a dhá thaobh.
28 Tá cónaithe aige i gcathrachaibh a scríosadh, agus i dtithibh folmha atá 'na gcárnánaibh.
29 Ní saibhreófar é, ná ní leanfaidh a mhaoin, ná ní sháfaidh sé a phréamh i dtalamh.
30 Ní imeóidh sé as an ndoircheacht. Triomóidh an lasair a ghéaga, agus tógaidh anál a bhéil féin chun siúil é.
31 Ní chreidfídh sé, toisc earráid bhaoth dhá chur amú, gur féidir é ' dh'fhuascailt le haon díolaíocht.
32 Sara mbeidh a laethanta iomlán éagfaidh sé, agus beidh a dhá lámh ag feóchadh.
33 Millfar é ar nós na fíniúna nuair a bhíd a caora 'na gcéadbhláth, agus ar nós an chraínn ola do theilgeann a bhláth.
34 Óir tá cómhthionól an chealgaire seasc, agus sloigfidh an tine a dtaibearnacail sin lenar mian breabanna do ghlacadh.

1 Véar. 18. "Admhaíd lucht eagna", .i. ní nár leó an seanchas agus na tuairiscí a tháinig chúthu óna sínsear d'admháil.

35 Do ghoibh sé dólás, agus do rug sé mallaitheacht,
agus tá a bhroínn ag ollmhú calaoise.

Caib. a Sédéag

Iob ag casaoid lena cháirdibh: agus é ag dul i leith breithiúntais Dé.

1 Ansan d'fhreagair Iob, agus duairt sé:

2 D'airíos nithe den tsórd san go minic.

Sólásaithe goirgeacha is ea sibh go léir.

3 An mbeidh aon deireadh le cainteannaibh gaoithe?

Nú an gcuireann sé aon tuirse ort bheith ag cainnt?

4 D'fhéadfainnse cainnt mar úr gcainntse ' dhéanamh, leis:

agus is trua gan úr n-anam in áit mh'anamasa!

5 Chuirfinn sólás oraibh le cainnt, leis,

agus bheinn ag crothadh mo chinn os úr gcionn.

6 Bheinn ag tabhairt nirt díbh lem béal,

agus bheinn ag corraí mo bheól, 'gúr spáráil, mar dhea.

7 Ach cad 'tá le déanamh agam? Má dheinim cainnt ní stadfaidh mo phian, agus má éistim ní imeóidh an pian uaim.

8 Ach anois táim traochta ageam pian,

agus táid mo bhalla beatha go léir curtha ar neamhní.

9 Táid na fáibrí seo ag tabhairt fianaise im choinnibh,

agus cainnteóir éithigh ag éiri im choinnibh, ag tabhairt an éithigh dom chun mo bhéil¹.

10 Tá a mhioscáis go léir cruinnithe i dteannta ' chéile aige im choinnibh.

Agus é ag díoscán len' fhiacraibh chúm, ag bagair éigin orm.

D'fhéach mo namhaid orm le súilibh scannrúla.

11 D'oscladar a mbéal chúm,

d'imdheargadar me agus bhuaileadar sa leacain me.

Do shásaíodar iad féin lem péin.

12 Tá Dia tar éis me ' dhúnadh suas i dteannta an fhir éagórtha,

agus me ' thabhairt isteach i lámhaibh na mallaitheóirí.

13 Mise a bhí tráth chómh saibhir, táim briste brúite anois.

Do rug sé ar mhúineál orm agus do bhris sé me agus shocraigh sé me im chómhhartha dho féin.

14 Do thimpall sé me mórtimpall lena ghathannaibh.

Do chréachtnaigh sé mo luana,

níor spáláil sé. Do scaoil sé m'inní ar an dtalamh.

15 Do gheárr sé me le créacht ar chréacht.

Do rith sé isteach orm mar ' dhéanfadh fathach.

16 Tá éadach ruainnigh fuaite ar mo chroiceann agam.

Tá mo chuid feóla clúdaithe le luathrigh agam.

17 Tá m'aghaidh ataithe ó bheith ag gol.

Agus fabhraí mo shúl dorcha.

18 Tháinig na nithe sin orm gan cionntacht mo lámha

nuair a bhí úrnaithe glana agam á chur suas chun Dé.

19 A thalamh, ná clúdaigh mo chuid fola,

agus ná faigheadh m'éamh folachadh ionat.

1 PUL: to my face.

Leabhar Iuib.

20 Óir féach, is ar neamh atá m'fhínné.
Agus an té gurb eól do mo choínsias, is thuas atá sé.
21 Tá a lán cainnte ageam cháirdibh.
Tá mo shúil ag sileadh deór chun Dé.
22 Agus mo chreach ná breithnítear fear i bhfochair Dé
mar a breithnítear mac an duine i bhfochair a chómhulta féin.
23 Óir féach, táid na blianta gearra ag imeacht chun siúil.
Agus táimse ag siúl ar bhóthar ná tiocfad tar n-ais air.

Caib. a Seachtdéag

A mhuintín ag Job as Dia: Súil aige le suaimhneas nuair ' gheóbhaidh sé bás.

1 Lagófar mo sprid.
Ciorrófar mo laethanta.
Agus níl fágtha im chómhair ach an uaigh.
2 Níor dheineas an peaca¹,
agus tá mo shúil ag fanúint i searúsaibh.
3 Fuascail me, a Thiarna, agus cuir i t'áice me, agus bíodh lámh a rogha duine ag troid im
choinnibh.
4 Do chuiris a gcroí i bhfad ó thuiscint,
dá dheascaibh sin ní árdófar* iad.
5 Geallann sé foghail dá chómhultaibh,
agus caillfidh ar shúilibh a chlainne.
6 Tá mar ' bheadh guith déanta aige dhíom do sna daoine
agus táim im shampla os a gcómhair.
7 Tá mo shúil lag ó fhíoch.
Agus táid mo bhalla curtha, mar a bheadh, ar neamhní.
8 Beidh alltacht ar na fíoraonaibh mar gheall air sin,
agus árdófar an neamhchionntach in aghaidh an fheallaire.
9 Agus leanfaidh an fíoraon ar a shlí,
agus an té is glan lámha méadóidh a neart.
10 Dá bhrí sin iompaídh go léir agus tagaidh,
agus ní bhfaighead fear ciallmhar ar úr measc.
11 Táid mo laethanta imithe chun siúil.
Táid mo smaointe ar seachrán, ag crá mo chroí.
12 Tá an oíche iompaithe 'na lá acu (tá lá déanta den oíche acu).
Agus tar éis na doircheachta tá súil agam leis an solas arís.
13 Má fhanaim is é ifreann² mo thigh,
agus tá mo leabaidh déanta sa doircheacht agam.
14 Duart leis an lofacht: Is tusa m'athair,
agus leis na piastaibh, mo mháthair agus mo shiúr.
15 Ca bhfuil anois, dá bhrí sin, m'ollmhúchán,
agus cé ' chuireann suím im fhoighne?
16 Raghaidh a bhfuil agam síos sa pholl is doimhne³.

1 Caib. 17. véar. 2. "Níor dheineas peaca", 'sé sin, níor dheineas na peacaí sin atá agaibhse á chur im leith.

2 Véar. 13. "Ifreann", Sheol, áit na marbh.

3 Véar. 16. "An poll is doimhne", .i. ifreann.

An mbeidh suaimhneas san áit sin agam an chuid is lú dhe, an dó' leat?

Caib. a hOchtdéag

Baldad ag cur ar Iob arís, agus é ag insint pianta na ndrochdhaoine.

- 1 Ansan d'fhreagair Baldad, an Suhíteach, agus duairt sé.
- 2 Cad é an fhaid a bheir ag caitheamh cainnte amach?
Ttuigtear ar dtúis, agus ansan labhramís.
- 3 Cad chuige go samhaltar sinn le beithígh,
agus gur gráinniúil sinn os do chómhair?
- 4 A dhuine atá ag ídiú t'anama le t'fheirg,
an dtréigfar an saol mar gheall ort?
Agus an aistreófar na carraigreacha as a n-áit?
- 5 An amhlaidh ná múchfar solas an fhir mhallaithe?
Agus ná beidh lasair a thine gan taithneamh?
- 6 Beidh an solas dorcha 'na thaibearnacal,
agus múchfar an lampa atá os a chionn.
- 7 Cúngófar céimeanna a nirt,
agus caithfidh a chómhairle féin le fánaidh é.
- 8 Mar do chuir sé a chosa isteach i líon
agus tá sé ag siúl 'na mhogallaibh.
- 9 Cimeádfar bonn a choise i ngaiste,
agus beidh tart ag loscadh 'na choinnibh.
- 10 Tá inneall i bhfolach sa talamh do,
agus a dhol ar a chosán.
- 11 Beidh imeagla dhá scannrú ar an uile thaobh,
agus ag cur a chos in achrann.
- 12 Lagaítear a neart le gorta
agus téadh an t-ocras in sna heasnaíochaibh aige.
- 13 Itheadh sé áilleacht a chroicín.
Ídíodh céadghein báis a chuisleanna.
- 14 Tóchtar as a thaibearnacal a mhuinín,
agus satladh dísciú air ar nós rí.
- 15 Cómhnaíodh 'na thaibearnacal cómhaltaí an té ná fuil ann,
agus croithtear ruibh 'na chábán.
- 16 Triomaítear a phréamhacha laistíos,
agus ídítear **an fhómhar air**¹ lastuas.
- 17 Imíodh a chuímhne as an saol,
agus ná bíodh cáil ar a ainm in sna sráidibh.
- 18 Comáinfidh sé as an solas é isteach sa doircheacht,
agus tógfaidh sé chun siúil é as an saol.
- 19 Ní mhairfidh a shíol ná a shliocht, i measc daoine,
ná aon iarsmaí 'na dhúthaigh.
- 20 Cuirfidh a lá iúnadh ar a dtiocfaidh 'na dhiaidh,
agus tiocfaidh gráin ar ar chuaigh roimis.
- 21 Sin iad dá bhrí sin taibearnacail na mallaitheóirí,

1 A fhómhar air? or An fómhar air?

agus sin é inead an té atá gan aithne ar Dhia.

Caib. a Naoidéag

Job ag gearán ar chruadas a charad: ag insint a phianta, agus a chreideamh san aiséirí le teacht.

1 Ansan duairt Job:

2 Cad é an fhaid a bheidh sibh ag céasadh m'anama, agus 'om briseadh mion le cainnt?

3 Féach, seo me ar mearaí agaibh deich n-uaire,
agus ní nár libh bheith 'om brú.

4 Ar ndóin má táim ainbhiosach

beidh m'ainbhios agam féin (is orm féin a bheidh m'ainbhios).

5 Ach táthaoise ag úr gcur féin suas im choinnibh

agus ag táithriúgadh orm trí m'aithisíbh

(dhá chasadh liom go bhfuil na haithisí seo orm).

6 Tuigidh an méid seo féin anois nách le breith chothrom¹ atá Dia 'om chéasadh, agus 'om thimpalladh le sciúrsíbh.

7 Bead ag éamh, ag fulag éigin, agus ní aireóidh éinne me.

Bead ag éamh go hárđ, agus gan éinne chun breithe ' thabhairt.

8 Tá fál curtha ar mo shlí aige mórthimpall agus ní féidir dom dul thairis,
agus tá doircheacht curtha ar mo bhóthar aige.

9 Tá mo ghlóire bainte dhíom aige,

agus tá an choróinn bainte dem cheann aige.

10 Táim ídithe aige ar an uile thaobh, agus táim ar feó (nú, agus táim caillte).

Tá mo dhóchas tógtha uaim aige, mar a tógfí ó chrann a stracfi as an dtalamh.

11 Tá a fhearg adhanta im choinnibh,

agus dar leis is namhaid do me.

12 Táid a shlóite tagaithe i dteannta ' chéile,

agus slí déanta acu dhóibh féin tríom.

Agus mo thaibearnacal imdhruidte acu mórthimpall.

13 Táid mo bhráithre curtha i bhfad uaim aige.

Agus tá mo lucht aitheantais imithe uaim 'na ndaoibh iasachta.

14 Do thréigeadar mo ghaolta me,

agus an mhuintir a dh'aithin me táim imithe as a n-aithne.

15 Iad san a chómhnaíonn im thigh, agus mo chailíní aimsire, is duine iasachta me acu,

agus is cuma nú eachtrannach me 'na súilibh.

16 Do ghlaos ar mo sheirbhíseach, agus níor thug sé aon fhreagra orm.

Bhíos ag achainí lem béal féinig air.

17 Tháinig gráin ageam mhnaoi ar m'anál.

Agus bhíos ag achainí ar chlaínn mo bhroinne.

18 Bhí mímheas ag amadánaibh féin orm,

agus nuair a bhíos imithe uathu do labhradar im choinnibh.

19 Iad san a bhí lá éigin 'na lucht cómhairle agam tá gráin tagaithe acu orm.

Agus an té is mó gur thugas grá dho tá sé iompaithe im choinnibh.

1 Caib. 19. véar. 6. "Nách le breith chothrom." Míníonn Gregóir Naofa an chainnt sin aduairt Job. Duine fíoraonta ab ea Job, agus ag féachaint ar a bheatha féin do, do mheas sé go raibh na pianta a bhí aige dá fhulag níba dhéine ná mar a bhí tuillte ag á pheacaibh, agus ar an gcuma san ná raibh an pionós cothrom. Ach bhí an pionós ceart ('sé sin ní raibh éagóir ann) ag teacht ó Dhia, mar tugann Dia *coróinn cirt* don mhuintir a dh'fuiligeann pionós ar son an chirt. Agus trialann Dia an fíoraon le pionós mar a trialtar an t-ór le tine.

Leabhar Ioib.

- 20 Tá an fheoil ídithe agus tá mo chnámh ceangailte dem chroiceann agus níl fágtha ach na beóil tímpall ar m'fhiacailbh.
- 21 Bíodh trua agaibh dom, bíodh trua agaibh dom sibhse féin, a cháirde, an chuid is lú dhe. Mar tá lámh an Tiarna tar éis baint liom.
- 22 Cad chuige dhíbh bheith 'om chiapadh ar nós Dé? Agus ag úr sásamh féin lem chuid feóla?
- 23 Cé ' thabharfaidh dom go scríofar mo bhréithre? Cé ' thabharfaidh dom go gcurfar síos i leabhar iad.
- 24 Le peann iarainn ar lic luaidhe, nú go ngeárrfar le faobhar iad ar chloich chruaidh?
- 25 Óir is eól dom go bhfuil mo Shlánaitheóir beó¹, agus éireód as an dtalamh an lá déanach,
- 26 agus clúdófar arís me lem chroiceann, agus chífed, im chuid feóla, mo Dhia.
- 27 Is mise féin a chífidh é. Is iad mo shúile féin a bheidh ag féachaint air, agus ní duine eile. Sin í mo mhuintir atá i gcimeád agam istigh im ucht.
- 28 Cad 'na thaobh, dá bhrí sin, díbhse bheith dhá rá: Ciapaimís é. Faighimís caoi ar chainnt a dhéanamh 'na choinnibh?
- 29 Deinidh teitheadh, dá bhrí sin, ó aghaidh an chlaímh, mar is é an claíomh a dheineann díoltas ar dhrochbheartaibh. Agus bíodh ' fhios agaibh go bhfuil breithiúntas ann.

Caib. a Fiche

Sophar dhá dheimhniú nách fada é rath an drochdhuine, agus go dtiteann sé go hobann.

- 1 Ansan d'fhreagair Sophar an Naamatíteach, agus duairt sé:
- 2 Dá bhrí sin, táid smaointe iolartha ag rith i ndiaidh ' chéile im aignese, agus tá m'aigne dá comáint chun nithe iolartha.
- 3 An teagasc atá agat á chur im leith éistfead leis, agus tabharfaidh sprid mo thuisceana freagra dhom.
- 4 Seo rud is eól dom ó thosach, ón uair a cuireadh an duine ar an saol,
- 5 gur géarr é moladh an drochdhuine agus ná maireann áthas an fheallaire ach neómat.
- 6 Má théann a uabhar suas go neamh, agus má bhaineann a cheann leis na scamallaibh.
- 7 Ídeófar sa deireadh é ar nós an chárn-aoiligh, agus déarfaid an mhuintir a chonaic é: Ca bhfuil sé?
- 8 Ar nós an taibhrimh a dh'imíonn chun siúil, ní bheidh sé le fáil. Imeóidh sé ar nós aislinge san oíche.
- 9 Na súile a chonaic é ní fheicfid siad a thuilleadh é, ná ní fheicfidh a áit féin a thuilleadh é.
- 10 Beidh a chlann dá mbrú fé uireaspa. agus tabharfaid a lámha a dhólás do.
- 11 Beidh a chnámha líonta de dhroch-chleachtaibh a óige,

1 Véar. 25, 26, 27. Taispeánann an chainnt sin conas mar a chreid Iob 'na Shlánaitheóir, agus in aiséirí na colla an lá déanach, le cómhachtaibh Dé, agus an duine athraithe 'na dheallramh, ach gan aon athrú 'na shubstainnt, agus gach duine chun na breithe ' dh'fháil a bheidh tuillte ag á oibreachaibh ar an saol so.

agus luífid siad leis sa chré.

12 Óir nuair a bheidh an t-olc milis 'na bhéal
cuirfidh sé i bhfolach féna theangain é.

13 Spárálfaidh sé é, agus ní scarfaidh sé leis,
agus cimeádfaidh sé i bhfolach 'na scórnaigh é.

14 Iompófar 'na dhomlas *aspice*, istigh ann,
a chuid bídh isteach 'na bholg.

15 An saibhreas a shloig sé caithfidh sé é ' dh'aiseac.
Stracfaidh an Tiarna amach as a bholg é.

16 Súraiceóidh sé ceann na *haspice*,
agus maróidh teanga na haithide é.

17 (Ná feiceadh sé sruthanna na habhann,
na caisí meala agus ime.)

18 Pianfar é as ar dhein sé, ach ní ídeófar* é.
De réir iomad a bheartúchán¹ a bheidh sé ag fulag.

19 Toisc gur bhris sé isteach agus gur lom sé na bochta;
gur thóg sé ar éigin tigh nár dhein sé.

20 Agus fós níor líonadh a bholg:
agus nuair a bheidh ar shanntaigh sé aige ní fhéadfaidh sé iad do shealbhú.

21 Níor fágadh fuíollach dá bhia.

Dá dheascaibh sin ní mhairfidh aon phioc dá chuid.

22 Nuair a bheidh sé lán beidh sé dá fháscadh,
beidh sé dá loscadh, agus gach dólás ag titim air.

23 Go líontar a bholg, i dtreó go gcuirfidh (Dia) amach fíoch a fheirge air ag scaoileadh a chogaidh
anuas air.

24 Beidh sé ag teitheadh ó armaibh iarainn,
agus titfidh sé ar bhogha práis.

25 An claíomh dá tharrac, ag teacht as a thruaill,
ag spréacharnaigh 'na shearús féin.

Gluaiseóid na huathásacha agus tiocfaid siad air.

26 Tá gach doircheacht fé cheilt in' áiteannaibh folaithe.

Sloigfidh tine nár adaíodh* é.

Beifar dhá chrá nuair a fágfar 'na thaibearnacal é.

27 Nochtfaid na spéartha a mhallaitheacht
agus éireóidh an talamh 'na choinnibh.

28 Beidh sliocht a theaghlaigh nochtaithe.

Leagfar ar lár é i ló feirge Dé.

29 Sin é dualgas an fhir mhallaithe ó Dhia
agus oidhreachta a ghníomhartha ón dTiarna.

Caib. a hAon agus Fiche

*Iob dhá thaispeáint go mbíonn an rath go minic ar an ndrochdhuine ar an saol so, go dtí deireadh
a bheatha féin. Ach gur ar an saol eile a tugtar breith orthu.*

1 Ansan d'fhreagair Iob agus duairt sé:

1 Caib. 20. véar. 18. "Iomad a bheartúchán", .i. a chleasaíocht chun a dhrochmhian do shásamh agus chun daoine
bochta do bhrú agus d'ídiú.

Leabhar Iuib.

- 2 Éistidh, aicim oraibh, lem chainnt,
agus deinidh an aithrí.
- 3 Deinidh foighneamh liom agus labharfad,
agus ansan, más maith libh é, deinidh gáire.
- 4 An in aghaidh duine atáim ag aighneas
go mbeinn gan cúis chóir agam chun buartha?
- 5 Éistidh liom agus bíodh uathás oraibh
agus cuiridh méar ar úr mbéal.
- 6 Im thaobh féin, nuair a mhachtnaím, bíonn eagla orm
agus beireann creathán greim ar mo chuid feóla.
- 7 Cad 'na thaobh, más ea, go bhfuilid drochdhaoine beó,
agus an saol ag éirí leó, agus iad dá neartú i saibhreas?
- 8 Tá a síol marthanach os a gcómhair,
slua de ghaoltaibh agus de shliocht sleachta 'na radharc.
- 9 A dtithe i socracht agus iad síochánta,
agus gan slat Dé orthu.
- 10 Do ghoibh a mbó agus níor chaill sí.
Do rug a mbó agus níor baineadh a toircheas di.
- 11 A n-aos óg ag gabháil amach 'na dtréad,
a gclann ag rínice agus ag súgradh.
- 12 Tógaid siad ag tíompán agus an chruit,
agus cuireann fuaim an órgain áthas orthu.
- 13 Caithid siad a laethanta i saibhreas,
agus ar neómat téid siad síos go hifreann.
- 14 An mhúintir adeireadh le Dia: Imigh uainn.
Ní háil linn eólas ar do shlitibh.
- 15 Cé hé an tUilechómhachtach go mbeimís ag seirbhís do.
Agus cad é an tairbhe dhúinn é má dheinimid guí chuige?
- 16 Mar sin féin toisc gan a nithe fóna ' bheith 'na láimh,
cómhairle an drochaicme go raibh i bhfad uaimse.
- 17 An mó uair a curfar lampa na ndrochdhaoine in éag,
agus go dtiocfaidh díle orthu,
agus go roinnfidh sé pianta a fheirge?
- 18 Beid siad ar nós lócháin ar aghaidh na gaoithe,
agus ar nós luathrí a scaipeann gaoth ghuarnain.
- 19 Cuirfidh Dia pian an athar i gcimeád i gcómhair a chlainne
agus nuair a dhéanfaidh sé díol, ansan a bheidh ' fhios aige.
- 20 Chífid a shúile a íde féin,
agus ólfaidh sé d'fhíoch an Uilechómhachtaigh.
- 21 Óir cad é sin do san cad d'imíonn ar a theighlach 'na dhiaidh:
Agus má (bíodh go) laíodaítear uimhir a mhíonna fó leath?
- 22 An múinfidh éinne eólas do Dhia?
Agus gurb é ' thugann breith ar an aicme árd.
- 23 Faigheann duine bás agus é láidir, dea-shláinteach, saibhir, sóil.
- 24 Tá a inní lán de shaill,
agus a chnámha dá gcimeád úr le smior.
- 25 Faigheann duine bás i searús anama,
gan aon tsaibhreas aige,

Leabhar Ioib.

26 agus fós codlóid siad in éineacht sa chré
agus piastaí anuas orthu.
27 Gan amhras is eól dom úr smaointe,
agus úr mbreithiúntaisí éagórtha im choinnibh.
28 Óir deireann sibh: Ca bhfuil teaghlach an rí?
Agus ca bhfuilid cónaithe na ndrochdhaoine?
29 Fiafraigh d'éinne a ghabhann an tslí
agus chífidh sibh gurb eól do na nithe céanna san.
30 Mar tá an drochdhuine dá chimeád i gcómhair lae an íde,
agus tabharfar chun lae na feirge é.
31 Cé hé a lochtóidh a shlí len' aghaidh?
Agus cé ' chúiteoidh leis a bhfuil déanta aige?
32 Tabharfar chun na n-uaghanna é,
agus beidh sé ag faire i gcruaich na marbh.
33 Dob ionúin é le grean Chocuituis¹
agus tarraiceóidh sé gach duine 'na dhiaidh,
agus tá a bhfuil roimis dí-áirithe.
34 Cad é, dá bhrí sin, mar atáthaoi ag cur sólais orm in aistear,
mar is léir úr bhfreagra ' bheith bun-os-cionn le fírinne.

Caib. a Dó agus Fiche

Eliphaz ag cur mórán drochghníomh i leith Ioib: agus dhá gheallúint do go mbeidh an rath air ach aithrí ' dhéanamh.

1 Ansan do labhair Eliphaz an Temaníteach, agus duairt sé:—
2 An féidir duine ' chuir i gcúmparáid le Dia bíodh go mbeadh eólas beacht aige?
3 Cad é an tairbhe do Dhia tusa ' bheith fíoraonta?
Nú cad 'tá agat á bhronnadh air má tá do shlí gan cháim?
4 An amhlaidh a lochtóidh sé thu agus eagla aige rómhat,
agus gur in éineacht leat a thiocfaidh sé isteach i mbreithiúntas;
5 agus nách mar gheall ar do mhallaitheachtaibh iolartha agus do chionntachtaibh gan teóra?
6 Óir tá geall do bhráthar tógtha chun siúil agat gan chúis.
Agus tá an t-éadach bainte agat de sna nochtaibh.
7 Níor thugais uisce do lucht tuirse.
Do thógais an t-arán ón ocrach.
8 Do shealbhaís an talamh le neart do chuisleann,
agus taoi dhá chimeád toisc gur tu is cómhachtaí.
9 Chuiris bainntreacha uait folamh.
Agus do bhrisis géaga na ndílleachtaithe.
10 Dá dheascaibh sin atá gaistí timpall ort,
agus eagla tagaithe go hobann ort.
11 Agus an amhlaidh a mheasais ná feicfá doircheacht,
agus ná clúdóifí thu le huisceachaibh láidre ag scéith ort?

1 Caib. 21. véar. 33. “*Grean Chocuituis*.” An focal Éabhraise ar a dtugann N. Jeróm “Cocuitus” (go ndeirid filí gur abha atá in ifreann é), ciallaíonn sé gleann, nú caise, agus glactar san áit sin tuas an focal i gcéill “an áit thíos” nú, “ifreann”, fé mar adéarfí, gurb ionúin le hifreann an dream mallaithe, agus é dhá nglacadh tar éis a mbás: agus gur ghoibh a lán isteach ann rómpu, agus go raghaid slua mhór acu isteach ann 'na ndiaidh.

Leabhar Iuib.

12 Nách dó' leat go bhfuil Dia níos aoirde ná neamh
agus go bhfuil sé árdaithe os cionn na réalta?
13 Agus deirir: Cad is eól do Dhia?
Trí cheó, mar 'déarfí, a bhreithníonn sé.
14 Is iad na scamall a chúmhach.
Níl suím aige 'nár ngnóthaíbhne,
Bíonn sé ag siúl tímpall tuisleanna neimhe.
15 An amhlaidh is fonn leat cosáin na saol do leanúint,
na cosáin ar a bhfuil siúlta ag drochdhaoinibh?
16 Na daoine a tógadh chun siúil sara dtáinig a n-am.
Agus gur threascair tuile a mbunáit.
17 Na daoine aduairt le Dia: Imigh uainn.
Agus do mheas, i dtaobh an Uilechómhachtaigh ná féadfadh sé aon rud a dhéanamh,
18 Agus é tar éis a dtithe do líonadh de nithibh fóna: i bhfad uaimse a smaointe!
19 Chífid fíoraein agus beidh áthas orthu.
Beidh an neamhchionntach ag fonóid úmpu.
20 Ná fuil a n-árdú treascartha ar lár?
Agus nár shloig an tine a n-iarsma?
21 Úmhlaigh thu féin do san, dá bhri sin, agus bí i síocháin.
Agus as san a bheidh agat na torthaí is feárr.
22 Glac an dlí óna bhéal san,
agus taisc a bhréithre id chroí.
23 Má iompaíonn tú arís chun an Uilechómhachtaigh
déanfar athfhoirgneamh ort.
Agus cuirfir an mhallaitheacht i bhfad ód thaibearnacal.
24 Tabharfaidh sé ar chre cloch chruaidh,
agus ar chloich chruaidh sruthanna óir.
25 Agus beidh an tUilechómhachtach i gcoinnibh do namhad,
agus beidh airgead dá chárnaidh ar a chéile dhuit.
26 Ansan a bheidh flúirse aitis agat san Uilechómhachtach,
agus tógfair t'aghaidh suas chun Dé.
27 Beir ag guí chuige, agus é ag eisteacht leat
agus beidh tú ag cómhlíonadh do mhóid.
28 Ceapfair rud agus tiocfaidh sé dhuit,
agus beidh solas ag taithneamh ar do shlitibh.
29 Óir, an té do húmhlaíodh beidh sé i nglóire,
agus an té do chromfaidh a shúile sábhálfar é.
30 Sábhálfar an neamhchionntach,
agus is le glaine a lámh do sábhálfar é.

Caib. a Trí agus Fiche

Dob áil le Iob gur ag tribúnal Dé do trialfí é.

1 Ansan d'fhreagair Iob agus duairt sé:
2 Tá mo chainntse leis, i searús.
Agus tá lámh mo sciúirse níos léanmhaire ná mo bhuairt.
3 Cé ' thabharfaidh dom aithne do chur air agus é ' fháil agus teacht go dtí a chathaoir ar fad.

Leabhar Ioib.

4 Do chuirfinn breithiúntas os a chómhair,
agus do líonfainn mo bhéal de ghearántaibh.
5 Go mb'eól dom na focail 'na bhfreagróidh sé me,
agus go dtuigfinn cad 'déarfadh sé liom.
6 Níor mhaith liom é ' dh'aighneas liom le puinn nirt
ná go mbrúfadh sé me le meáchaint a mhórgachta.
7 Cuireadh sé síos ceart im choinnibh
agus tagadh mo bhreithiúntas chun bua.
8 Ach má théim soir, ní feictear é:
más siar, ní thuifead é.
9 Más i leith na lámha clé, cad a dhéanfad? Ní bhéarfad greim air.
Má iompáim i leith na lámha deise, ní fheicfead é.
10 Ach is eól do mo shlí agus táim trialta aige ar nós an óir a ghabhann tríd an dtine.
11 Do lean mo chos a chéimeanna.
Do chimeádas a shlí agus níor chlaonas uaithi.
12 Níor scaras le haitheantaibh a bheól,
agus do thaisceas im ucht bréithre a bhéil.
13 Óir tá sé in' aonar, agus ní féidir d'éinne a mhachnamh d'iompáil uaidh.
Agus pé ní ba mhian len' anam do dhein sé é.
14 Agus nuair a bheidh a thoil imeartha aige ormsa,
tá a lán eile nithe mar iad im' aice aige.
15 Dá dheascaibh sin tá buaireamh orm 'na láthair.
Agus nuair a machnaím air bíonn mo chroí trom le heagla.
16 Do bhog Dia mo chroí,
agus do bhuaire an tUilechómhachtach me.
17 Óir, níor éigeas mar gheall ar an ndoircheacht atá anuas orm
ná níor chlúdaigh an gaileabh m'aghaidh.

Caib. a Ceathair agus Fiche

Leogann leamhnú Dé do dhrochdhaoineibh mórán aimsire do chur díobh 'na bpeacaibh. Ach cuireann sé pionós orthu ar an saol eile.

1 Níl aimsir fé cheilt ón Uilechómhachtach
ach an mhuintir a dh'aithníonn é ní heól dóibh a laethanta.
2 Tá daoine a dh'aistrigh cómhartaí teórann,
do rug tréadta leó ar éigin agus do chothaigh iad.
3 Chomáineadar chun siúil asal an dílleachtaí,
agus do thógadar bó na bainntrí ar gheall.
4 Do thoirmisceadar slí na mbocht,
agus do bhrúdar daoine ceannsa an domhain.
5 Imíd daoine eile amach chun a n-oibre, ar nós na n-asal bhfiain san uaigneas.
Le faire ar lorg foghla a gheibhid siad bia dá gclaínn.
6 Bainid siad an pháirc nách leó,
agus bailid siad fómhar fiona an fhir atá brúite acu le foiréigin.
7 Cuirid siad daoine chun siúil lomrachta tar éis an éadaigh a thógaint uathu
agus gan aon chlúdach acu sa bhfuacht.
8 Iad fliuch le ceathannaibh na gcnuic,

Leabhar Ioib.

agus iad ag gabháil na gcloch chúthu toisc gan aon chlúdach a bheith acu.

9 Do chreachadar le foiréigin an dílleachtaí

agus do lomadar bochta na coitiantachta.

10 Bhaineadar na diasa arbhair de sna daoine loma agus díobh san a bhíonn ag imeacht gan éadach, agus ó lucht ocras.

11 Ghlacadar a suaimhneas i lár an lae i measc na gcruach a dhein lucht satalta na bhfáscadán agus tart orthu.

12 Chuireadar fir ag éamh as na cathrachaibh,

agus chuir anam an fhir ghunta osna amach,

agus ní leogann Dia dho dul gan díogailt.

13 Bhíodar ceannairceach in aghaidh an tsolais.

Níor chuireadar aithne ar a shlitibh,

ná níor iompaíodar ar a chosánaibh.

14 Éiríonn an maraitheóir ar éirí an lae.

Maraíonn sé an t-uireaspach agus an duine bocht,

ach beidh sé san oíche mar ' bheadh bithiúnach.

15 Bíonn súil an adhaltranaigh ag faire ar an ndoircheacht agus deir sé: Ní fheicfidh súil me. Agus clúdóidh sé a aghaidh.

16 Tóchann sé trí thithibh sa doircheacht, mar a cheapadar dóibh féinig sa lá.

Agus níorbh aithne dhóibh an solas.

17 Má chítear an mhaidean go hobann is scáil bháis leó é,

agus bíd siad ag siúl sa doircheacht chómh maith agus gur sholas é.

18 Tá sé éadrom ar bárr uisce.

Mallacht ar a chuid sa tsaol!

Ná siúlaíodh sé i slí na bhfionghort!

19 Bíodh sé ag dul ó uisce sneachtaidh go mórtheas,

agus a pheaca go dtí ifreann féin.

20 Ná deineadh trócaire cuímhneamh air (gan cuímhne ag trócaire air!).

Piastaí mar mhísleacht aige!

Cuímhne ná raibh air a thuilleadh!

Ach é ' bhriseadh mion mar chrann gan toradh.

21 Mar do chothaigh sé an seasc ná beireann toircheas,

agus níor dhein sé aon tairbhe don bhainntrigh.

22 Do strac sé anuas an láidir lena neart.

Agus nuair ' éireóidh sé 'na sheasamh ní bheidh deimhne aige ar a anam.

23 Tá ré aithrí tabhartha ag Dia dho

agus tá drochúsáid aige á dhéanamh de chun uabhair,

ach tá a shúile sin ar a shlitibh.

24 Táid siad árdaithe go gceann tamaill bhig, agus ní sheasóid siad.

Úmhlófar iad mar gach ní, agus tógfar as iad.

Agus, mar bharráí na ndias, brisfar iad.

25 Agus murab amhlaidh sin atá cé ' fhéadfaidh a thaispeáint go bhfuil bréag déanta agamsa agus mo bhréithre do chur i láthair Dé?

Caib. a Cúig agus Fiche

*Baldad ag trácht ar cheart Dé nách féidir aon duine ' bheith ceart os a chómhair.**

Leabhar Ioib.

- 1 Ansan d'fhreagair Baldad an Suhíteach agus duairt sé:—
- 2 Tá cómhacht agus imeagla aige, agus deineann sé síocháin in' áiteannaibh árda.
- 3 An bhfuil cómhaireamh ar a shaighdiúiribh?
Agus cé air ná héireoidh a sholas?
- 4 An féidir don duine bheith ceart i gcúmparáid le Dia?
Nú an té do rugadh ó mhnaoi d'fhéachaint glan?
- 5 Féach, ní thaithneann an ré féin,
agus nílid na réilteanna glan 'na radharc.
- 6 Nách mó go mór **ná san (is neamhghlan) lofacht**,
agus mac an duine ná fuil aon ach piast.

Caib. Dhá Dheich a Sé

Iob dhá ínsint cad is dó' leis i dtaobh eagna Dé agus i dtaobh a chómhacht.

- 1 Ansan duairt Iob:—
- 2 Cé dho go bhfuil cúnaimh agat dá thabhairt?
An don té atá lag?
Agus an bhfuil a chuise agat á cimeád suas don té atá gan neart?
- 3 Cé dho go bhfuil cómhairle tabhartha agat?
Do san, b'fhéidir, atá gan aon eagna agus tá do mhórchiall féin curtha in úil agat.
- 4 Cé hé dob áil leat a mhúineadh?
Nách é an té do dhein an bheatha?
- 5 Féach táid na fathaigh ag éamh fén uisce, agus iad san a chómhnaíonn 'na bhfochair.
- 6 Tá ifreann nochtaithe os a chómhair,
agus tá ide gan aon chúmhach.
- 7 Do leath sé amach an tuaisceart ar an bhfolús,
agus tá an chruinne ar crochadh aige ar neamhní.
- 8 Táid na huisceacha ceangailte suas aige 'na scamallaibh,
sara mbrisfidís amach agus go dtitfidís i dteannta ' chéile.
- 9 Cimeádann sé siar gnúis a chathaoire,
agus leathann sé a scamall uirthi.
- 10 Tá teóra curtha aige leis na huisceachaibh mórhímpall,
chun go mbeidh deireadh le solas agus le doircheacht.
- 11 Bíd na pollaí na bhflaitheas ag crith,
agus eagla orthu roim bhagairt a chinn.
- 12 Lena chómhacht do cruinníodh na farraigí i dteannta ' chéile,
agus do bhuail a eagna aon an uabhair.
- 13 Do chuir a sprid maise ar na spéarthaibh,
agus do tharraig a lámh chnáimhseach¹ amach an nathair lúbach.
- 14 Féach, deirtear na nithe sin i dtaobh roinnt dá shlitibh.
Agus ó nár airíomair ach braon beag dá bhriathar cé ' fhéadfaidh féachaint ar thóirthnigh a mhórgachta?

1 Caib. 26. véar. 13. “A lámh chnáimhseach.” 'Sé sin, uilechómhacht Dé; an chómhacht a thug chun beatha na nithe seo go léir a cruthaíodh san aimsir, ach do gabhadh ón síoraíocht, in aigne an Chruthaitheóra. “An nathair lúbach”, reann de réilteannaibh daingean atá mórhímpall ar an bpuínte thuaidh agus do dtugtar Drácó mar ainm air. Chítear sa véarsa roimis sin “do chuir a sprid maise ar na spéarthaibh”.

Caib. Dhá Dheich a Seacht

Iob ag deimhniú a mhacántachta go seasmhach, agus dhá dheimhniú go gcurfar pionós ar lucht cealgairachta.

1 Agus thóg Iob suas a pharabal, agus duairt sé:

2 Mar is beó Dia a thóg chun siúil mo bhreithiúntas,
agus an tUilechómhachtach atá tar éis m'anama ' thabhairt chun searúis,

3 an fhaid a leanfaidh anáil ionam,

agus sprid Dé im shrónaibh,

4 ní labharfaid mo bheoil mallaitheacht,

ná ní cheapfaidh mo theanga éitheach.

5 Nár leogaidh Dia go mbreithneóinn sibhse ' bheith ceart:

go bhfaighead bás ní scarfad lem neamhchionntacht.

6 Do thosnaíos ar m'ionnracas do dheimhniú,

agus ní stadfad de,

óir ní chuireann mo chroí aon ní im leith i gcaitheamh mo bheatha go léir.

7 Bíodh mo namhaid ar nós an neamhdhiaga,

agus m'aighneastóir mar an mallaitheóir.

8 Óir ca bhfuil dóchas an chluanaí má thógann sé rud le saintt,

agus ná fuasclóidh Dia a anam?

9 An éistfidh Dia lena ghlaó,

nuair a thiocfaidh an cruatan air?

10 Nú an féidir do aoibhneas a dh'fháil do féin san Uilechómhachtach,

agus bheith ag gloach ar Dhia i gcónaí?

11 Múinfeadsa dhíbh trí láimh Dé,

cad 'tá ag an Uilechómhachtach,

agus ní cheilfead é.

12 Féach, is eól díbh go léir é,

agus cad chuige dhíbh bheith ag labhairt nithe baotha gan chúis?

13 Sid é dualgas an fhir mhallaithe i bhfochair Dé, agus oidhreacht lucht foiréigin, an oidhreacht a gheóbhaid siad ón Uilechómhachtach.

14 Má iomadaítear a chlann mhac is don chlaíomh iad,

agus ní bheid clann mhac a chlainne dá líonadh le harán.

15 Iad san a bheidh 'na dhiaidh adhlacfar i mbás iad.

Agus ní bheidh a bhainntreacha ag gol.

16 Má chruachann sé airgead i dteannta ' chéile ar nós cré,

agus má chóraíonn sé éadaí ar nós draoibe,

17 Beidh seisdan 'gá ollmhú, is fíor, ach is é an fíoraon do clúdófar leis,

agus roinnfidh an neamhchionntach an t-airgead.

18 Tá a thigh curtha suas aige ar nós an leamhain,

agus tá cábán déanta aige mar ' dhéanfadh fear cimeáda.

19 Nuair a chodlóidh an fear saibhir ní bhéarfaidh sé aon rud leis,

osclóidh sé a shúile agus ní bhfaigheadh sé aon ní.

20 Béarfaidh dealús greim air ar nós uisce.

Brúfaidh stoirm é san oíche.

21 Tógfaidh gaoth ar lasadh suas é, agus béarfaidh sí chun siúil é,

agus scuabfaidh sí mar ghaoth ghuarnain as a áit é.

22 Agus beidh sé ag cur air, agus ní spálálfaidh sé.

Ba rómhaith leis teitheadh as a lámh.

23 Dúnfaidh sé a lámh air, ag siosarnaigh faoi, agus ag féachaint ar a áit.

Caib. Dhá Dheich a hOcht

Tagann íntleacht an duine suas lena lán nithe. Is ó Dhia amháin a thagann floreagna.

1 Tá tosach ar fhéitheachaibh an airgid.

Agus ta ag ór áit 'na leachtar é.

2 Baintear iarann as an dtalamh,

agus nuair a leightear cloch le teas deineann prás di.

3 Tá am ceapaithe aige don doircheacht,

agus breithníonn sé crích an uile ruda,

cloch na doircheachta, leis, agus scáil an bháis.

4 Deighleann an tuile ó sna daoine ar bóthar,

na daoine atá dearúdta ag bia an uireaspaigh,

agus nách féidir teacht orthu.

5 An talamh gur fhás an t-arán as in' áit féin,

tá sé iompaithe taobh síos suas le tine,

6 áit an tsaifire a chlocha,

ór a fhóda.

7 Níorbh eól don éan an tslí.

Ná ní fheacaigh súil an vultair é.

8 Níor shiúlaigh clann na gceannaithe air,

ná níor ghoibh a' león bhaineann an treó.

9 Do shín sé amach a lámh chun na *flinte*,

d'iompaigh sé cnuic taobh síos suas ó phréimh.

10 Do gheárr sé amach aibhní in sna carraigreachaibh,

agus chonaic a shúil gach ní luachmhar.

11 Do chuardaigh sé doimhneas na n-aibhní, leis,

agus tá nithe a bhí i bhfolach tabhartha chun solais aige.

12 Ach ca bhfuil eagna le fáil?

Agus ca bhfuil áit na tuisceana?

13 Ní heól don duine an mór is fiú í (cad is fiú í).

Ná ní fachtar í i dtír na ndaoine a bhíonn ag maireachtaint in aoibhneasaibh.

14 Deir an doimhneas: níl sí ionamsa.

Agus deir an mhuir: níl sí agamsa.

15 Ní cheannóidh an t-ór is mine í,

ná ní meáfar airgead mar mhalairt uirthi.

16 Ní curfar i gcúmparáid í le dathannaibh daite na nÍndiatha,

ná leis an gcloich róluachmar san, an *sardonics*, ná leis an saifir.

17 Níl ór ná criostal mar í (ní féidir d'ór ná do chriostal bheith chómh maith léi).

Ná ní malairteófar aon árthaí óir uirthi.

18 Ní ainmneófar* nithe árda, oirearca, i gcúmparáid léi, ach tarraigtear eagna as áiteannaibh folaithe.

19 Ní bheidh topas Éitíópia ar aon dul léi (chómh maith léi).

Ná ní curfar i gcomórtas léi an dathú is glaine.

20 Cad é an áit, dá bhrí sin, as a dtagann eagna?

Agus ca bhfuil áit na tuisceana?

21 Táid siad i bhfolach ó shúilibh a bhfuil beó.

Agus ní heól d' éanlaithibh an aeir iad.

22 Tá ráite ag íde agus ag bás:

lenar gcluasaibh do chualamair a dtrácht*.

23 Tuigeann Dia a slí,

agus is eól do a n-áit,

24 Mar chionn sé críocha an domhain,

agus tá sé ag féachaint ar gach ní fé neamh.

25 Óir is é a dhein meáchaint do sna gaoithibh,

agus do mheáigh sé na huisceacha d'réir tómhais.

26 Nuair a thug sé dlí don fhearthainn,

agus bóthar don stoirm ag búirthigh.

27 Ansan is ea do chonaic sé eagna,

agus do labhair sé uirthi, agus d'ollmhaigh sé í,

agus do bhreithnigh sé í.

28 Agus duairt sé leis an nduine:

Féach eagla an Tiarna, sin é is eagna ann.

Agus imeacht ón olc, sin é is tuiscint ann.

Caib. Dhá Dheich a Naoi

Iob ag trácht ar an aoibhneas a bhí roimis sin aige, agus ar an urraim a bhí ag gach éinne dho.

1 Agus do thóg Iob suas a pharabal, agus duairt sé:—

2 Cé ' thabharfaidh dom me ' bheith de réir na míonna atá imithe,

de réir na laethanta nuair a bhí Dia 'om chimeád?

3 Nuair a bhí a lampa ag taitheamh os cionn mo chinn,

agus me ag siúl 'na sholas sa dhoircheacht?

4 Mar a bhíos i laethibh m'óige,

nuair a bhíodh Dia im thaibearnacal i ganfhios.

5 Nuair a bhí an tUilechómhachtach agam:

agus mo sheirbhísigh im thimpall?

6 Nuair a nín mo chosa le hím,

agus do tháladh an charraigh aibhní ola orm?

7 Nuair a théinn amach go geata na cathrach

agus d'ollmhaítí* cathaoir dom sa tsráid?

8 Do chíodh na fir óga me agus théidís i bhfolach,

agus d'éiríodh na seanóirí 'na seasamh.

9 Do stadadh na príunsaí dá gcainnt,

agus chuiridís méar ar a mbéal.

10 D'fhanadh na rialtóirí ciúin,

agus bhíodh a dteanga ceangailte 'na scórnaigh.

11 Bhíodh an chluas a dh'airíodh me 'om mholadh,

agus bhíodh an tsúil a chíodh me ag déanamh fianaise dhom.

12 Mar bhíodh an duine bocht a bhíodh ag éamh fuascailte agam,

agus an dílleachtaí a bhíodh gan chabhair.

Leabhar Iuib.

13 Thagadh beannacht orm ón té ' bhíodh ag dul chun báis
agus chuirinn sólas croí ar an mbainntrigh.
14 Bhí an ceart mar éadach umam:
agus chléadaíos me féin lem breithiúntas mar a dhéanfainn le hiorra agus le mionn.
15 Bhíos im shúil don dall,
agus im chois don bhacach.
16 Bhínn im athair don dealbh.
Agus an chúis ná tuiginn do scrúdaínn é go géar.
17 Do bhrisinn corrán fir na héagóra.
Agus bhaininn an fhoghail amach as a fhiacclaibh.
18 Agus deirinn: Gheóbhad bás im nid féinig,
agus, ar nós na failme, iomadód mo laethanta.
19 Tá mo phréam ar oscailt in aice na n-uisceacha
agus leanfaidh drúcht ar an bhfómhar agam.
20 Beidh athnuachaint ar mo ghlóire i gcónaí,
agus beidh mo bhogha dá dheisiú im láimh.
21 An mhúintir a bhíodh ag éisteach liom d'fhanaidís lem breithiúntas.
Agus bhídís ciúin ag feitheamh ar mo chómhairle.
22 Ní léomhaidís aon ní do chur lena ndeirinn,
agus bhíodh mo chainnt ag sileadh anuas orthu.
23 D'fhanaidís liom mar a fanfí le fearthainn
agus bhíodh a mbéal ar oscailt acu mar ' bheidís ag brath ar chith dheiridh.
24 Dá ráiníodh go ngáirfínn chúthu ní chreididís,
agus ní thiteadh solas mo ghnúise ar an dtalamh.
25 Dá mba mhéinn liom dul ag triall orthu bhínn im shuí ar tosach.
Agus nuair a bhínn im shuí mar ' bheadh rí agus a shlua 'na seasamh 'na thimpall,
agus fós bhínn im shólásaí do lucht buartha.

Caib. a Tríochad

Ínseann Iob conas mar ba "mhór idir inné agus inniu" aige.

1 Ach anois tarcaisníd lucht óige¹ in aimsir me,
daoine ná cuirfinn a n-aithreach i dteannta gadhar mo thréad.
2 Daoine go mba neamhní liom neart a lámh,
agus go meastí nárbh fhiú an bheatha féin iad.
3 Iad seang ó ocras agus ó uireaspa. Iad ag creimeadh san uaigneas.
Iad urghrána ó mhí-ádh agus ó chruatan.
4 Agus go n-ithidís an féar glas, agus coirt na gcrann.
Agus gur préamh *iúnipeir* a bhíodh mar bhia acu.
5 Do snapaidís suas na nithe sin as na gleanntaibh
agus nuair a gheibhidís aon chuid acu do rithidís chúthu ag screadaigh.
6 Do chónaidís in uaigneasaibh na mórshruth
agus in uaimhibh talún, nú ar an ngairbhéal.
7 Gheibhidís áthas i measc an saghas san rudaí,
agus dob aoibhinn leó bheith fé sna sceachaibh.

1 Caib. 30. véar. 1. "*Lucht óige*", .i. daoine atá níos óige ná mise, agus gur shuarach le rá iad nuair ba mhór le rá mise, tá drochmheas acu orm anois.

Leabhar Ioib.

8 Clann lucht díth céille agus úirísleachta,
ná taispeánann iad féin in aon chor ar an saol.
9 Táim anois im amhrán acu san,
agus táim im ghuith acu.
10 Tá gráin acu orm agus teithid siad i bhfad uaim
agus ní heagal léo seile ' chaitheamh san aghaidh orm.
11 Óir d'oscail sé a thaisce, agus táim cráite aige (do chráigh sé me).
Agus tá srian curtha im béal aige (agus do chuir sé srian im béal).
12 Ar láimh dheis m'éirithe d'éirigh mo mhífhoirtiúna láithreach.
Bhaineadar na cosa uaim agus threasradar me mar ' dhéanfadh tonnthacha 'na gcuardaibh.
13 Do ídíodar mo chuardasa,
do luíodar i gceilg rómham, agus bhудар,
agus ní raibh éinne chun cabhráithe.
14 Do ritheadar isteach orm, mar a brisfí falla,
agus do hosclófí geata,
dhá n-iomlasc féin chun mo chruatan.
15 Táim im neamhní.
Do rugais chun siúil mo mhian mar ' dhéanfadh gaoth.
Agus tá mo rath imithe mar ' imeódh scamall.
16 Agus anois tá m'anam ar feó istigh ionam,
agus tá seilbh ionam ag lá an chruatain.
17 Bíonn mo chnámh dá shá le piantaibh san oíche
agus na rudaí atá 'om ithe ní chodlaid siad.
18 Tá mo chuid éadaigh ite ag slua dhíobh.
Agus táim criosaithe acu mar ' bheinn le cába casóige.
19 Táim ar aon dul le salachar,
agus is cuma me nú gríosach agus luaith.
20 Táim ag éamh ort agus ní éisteann tú liom.
Éirím im sheasamh agus ní chuireann tú suím ionam.
21 Taíonn tú athraithe chun bheith cruaidh orm,
agus i gcruadas do lámha taíonn tú im choinnibh.
22 Do thógais suas me, agus chuiris, mar adéarfí, ar an ngaoith me,
agus chaithis anuas me go hiúntach.
23 Tá ' fhios agam go dtabharfair suas don bhás me,
mar a bhfuil tigh ceapaithe do gach duine atá beó.
24 Mar sin féin ní chun a n-ídithe sin a shíneann tú amach do lámh,
agus má thitid siad ar lár sábhálfair.
25 Do ghóilinnse roimis seo don té ar a mbíodh cruatan
agus bhíodh trua ageam anam don duine bocht.
26 Bhí súil agam le nithibh fóna, agus is drochnithe atá tagaithe orm.
Bhíos ag feitheamh le solas, agus bhris doircheacht amach.
27 Táid m'inní tar éis bheith ag beiriú gan aon tsuaimhneas.
Tá sáraithe orm ag laethibh an chruatain.
28 Bhínn ag gluaiseacht i mbuairt, gan fearg,
bhínn ag éirí agus ag glaoch sa tslua.
29 Bhínn im dhriotháir ag *draconaibh*¹,
agus im chomrádaí ag struthaibh.

1 Véar. 29. "Im dhriotháir do dhraconaibh", .i. ag aithris ar na *draconaibh* ag screadaigh.

30 Tá mo chroiceann tar éis dúbhachtaint orm,
agus táid mo chnámha triomaithe suas le teas.
31 Tá mo chruit iompaithe chun caointe
agus m'órgan chun glóir lucht guil.

Caib. Trí Dheich a hAon

Job ag admháil a dhea-ghníomhartha féin go macánta chun é féin a chosaint ar an éagóir a bhí ag á cháirdibh á dhéanamh air.

1 Do dheineas margadh lem shúilibh ná déanfainn oiread agus smaoineamh ar mhaighdin.
2 Óir cad í an pháirt a bheadh ag Dia ionam anuas.
Agus cad í an oidhreacht a bheadh ag an Uilechómhachtach ionam ón áit is aoirde?
3 Ná fuil íde ag dul don drochdhuine?
Agus ná fuil díbirt chun siúil do lucht mallaitheachta ' dhéanamh?
4 Ná fuil sé ag breithniú mo shlíte agus ag cómhaireamh mo chéimeanna go léir?
5 Má tá siúlta agam i mbaois,
agus má bhrostaigh mo chos chun meabhail,
6 Meádh sé me i midh chothrom,
agus feiceadh Dia mo mhacántacht.
7 Má iompaigh mo chiscéim as an slí,
agus má lean mo chroí mo shúile,
agus má cheangail smál dem láimh,
8 Leogtar dom cur agus iteadh duine eile.
Agus ídítear ó phréimh mo shliocht.
9 Má mealladh mo chroí i dtaobh mná,
agus má luíos i gceilg ag doras mo charad,
10 bíodh mo bhean 'na striapaigh ag fear eile,
agus bíodh fir eile ag luí léi.
11 Óir is gníomh róléanmhar é sin,
agus is coir rómhallaithe é.
12 Tine is ea é do shloigeann go hídiú,
agus a mhilleann ó phréimh gach síolradh.
13 Má ba lag liom dul fé bhreithiúntas lem sheirbhíseach, nú lem chailín aimsire,
nuair a bhíodh aigneas acu im choinnibh.
14 Óir cad a bheidh le déanamh agam nuair ' éireóidh Dia chun breithiúntais a dhéanamh?
Agus nuair a scrúdóidh sé cad a bheidh le freagairt agam do?
15 An té do dhein mise sa bhroinn nách é do dhein eisean leis?
Agus nár chúm aon me sa bhroinn?
16 Má eitíos mian na mbocht,
agus má chimeádas súile na bainntrí ag feitheamh,
17 má itheas mo bhlúire bídh im aonar,
agus nár ith an dílleachtaí cuid de:
18 (óir, ó m'óige, d'fhás atrua agam,
agus tháinig sé amach liom a broinn mo mháthar)
19 agus má dheineas neamhshuím den té a bhí dá leathadh le heaspa éadaigh,
agus den duine bocht a bhí gan clúdach air:
20 murar chuir a chliathána beannacht orm,

Leabhar Iob.

agus murar téadh é le lomra mo chaeireach:

21 má árdáios mo lámh in aghaidh an dílleachtaí

dá mba an uair a chonac me féin ní b'aoirde sa gheata ná é:

22 titeadh mo ghuala as a háit (as a snaidhmiú).

Agus bristear mo chuisle agus a cnámha.

23 Mar bhíodh eagla riamh agam roime Dhia,

mar ' bheadh agam roim thonnthachaibh ag éirí os mo chionn,

agus ní fhéadainn a mheáchaint a dh'fhulag.

24 Má mheasas gurbh é an t-ór mo neart (má mheasas gur in ór a bhí mo neart)

agus má deirinn le hór mín: Mo sheasamh ort:

25 má bhí áthas orm mar gheall ar mo shaibhreas mór,

agus toisc cuid mhór a bheith fálta ageam láimh,

26 má chonac an ghrian¹ nuair a bhí sí ag taitheamh,

agus an ghealach ag gluaiseacht go geal,

27 agus má bhí áthas ar mo chroí i ganfhios

agus gur phógas mo lámh lem béal:

28 ní is mallaitheacht ana-mhór,

agus is diúltú in aghaidh Dé is aoirde.

29 Má chuir mí-ádh an té a thug fuath dhom áthas orm,

agus má b'aoibhinn liom olc do theacht suas leis.

30 Óir níor thugas mo bhéal don pheaca,

ag guí eascaine chun a anama:

31 mura nduairt fir mo thaibearnacail:

cé ' thabharfaidh dá chuid feóla dhúinn, go líontar sinn?

32 Níor fhan an duine iasachta amu'.

Bhí mo dhoras ar oscailt don deóraí.

33 Má chimeádas, im dhuine dhom, mo pheaca i bhfolach,

agus gur chéileas mo mhallaitheacht im ucht:

34 Má bhí eagal orm roim chómhthionól mhór,

agus gur chuir mímheas gaolta scannradh orm.

Agus nárbh amhlaidh ba thúisce liom bheith ciúin agus gan dul thar doras.

35 Cé ' thabharfadh dom fear éisteachta, ionas go n-aireódh an tUilechómhachtach mo mhian agus an té sin féin a bhreithneódh go scríofadh sé leabhar.

36 I dtreó go mbéarfainn liom é ar mo ghualainn,

agus go gcuirfinn im thimpall é ar nós coróinneach?

37 Le linn gach ciscéime dhom do labharfainn é

agus d'ofrálfainn é mar ' dhéanfainn do phriúnsa.

38 Má labhrann mo chuid tailimh go hárd im choinnibh,

agus má bhíd a chlasa ag caoineadh:

39 má itheas a shochar gan airgead,

agus má chuireas gruaim ar anam a lucht saothraithe.

40 Go bhfásaid feóchadáin chúm in inead crithneachtan

agus deilgne in inead eórnan.

(Deireadh ráite ag Iob.)

1 Caib. 31. véar. 26. "Má chonac an ghrian". 'Sé sin, má fhéachas ar an ngréin agus ar an ngealaigh, ag déanamh iúnadh dá n-áilleacht, agus a fhios agam gurb é Dia a chruthaigh iad agus do rialann iad. Iarraim ar mo namhaid aon ní do chur im leith dhá thaispeáint gur adhras grian ná gealach.

Caib. Trí Dheich a Dó

Fearg ar Eliú chun Ioib agus chun a charad. É ag maíomh as féin.

1 Ansan do stad an triúr san de bheith ag freagairt Ioib mar gur mheas sé é féin a bheith fíoraonta.
2 Agus bhí fearg ar Eliú, mac Bharachel an Busíteach de chine Raim, agus bhí sé go fíochmhar. Bhí fearg air chun Ioib toisc go nduairt sé go raibh sé fíoraonta i láthair Dé. 3 Agus bhí fearg air chun a charad toisc nár fhéadadar freagra réasúnta ' thabhairt air, agus nár dheineadar ach é ' dhaoradh.
4 Do fhan Eliú socair, ámh, an fhaid a bhí Iob ag cainnt, mar daoine ba shine ná é is ea ' bhí ag cainnt. 5 Ach nuair a chonaic sé ná raibh an triúr ábalta ar fhreagairt bhí árdfhearg air. 6 Ansan d'fhreagair Eliú mac Bharachel agus duairt sé: Táimse níos óige i laethibh agus táthaoise níos sine, agus dá dheascaibh sin do chromas mo cheann agus níor leog eagla dhom m'aigne ' thaispeáint díbh.

7 Óir do mheasas go labharfadh an bhreis aoise, agus go múinfeadh iomad na mblianta eagna.
8 Ach, mar a chím, tá sprid i ndaoineibh, agus tugann análadh ón dTiarna tuiscint.

9 Ní hiad na daoine aosta atá eagnaí,
ná ní hiad na seanóirí a thuigeann breithiúntas.

10 Dá dheascaibh sin, labharfad: Éistidh liom.
Taispeánfadsa féin mo chiall díbh.

11 Óir d'fhanas lenúr gcainnt.

D'éisteas lenúr n-eagna,
an fhaid a bhíobhair ag diospóireacht i gcainnt.

12 Agus an fhaid a mheasas go raibh ní agaibh dá rá bhíos ag machnamh,
ach, mar a chím, níl éinne ábalta ar an scéal do chur 'na luí ar Iob,
agus a chainnt d'fhreagairt.

13 Sara ndéarfadh sibh: Tá eagna fáлта againn,
is é Dia do threascair é agus ní duine.

14 Níor labhair sé aon rud liomsa
agus ní de réir úr gcainntese d'fhreagródsa é.

15 Bhí eagal orthu agus níor fhreagradar a thuilleadh.
Agus do stadadar dá gcainnt.

16 Dá bhrí sin toisc gur fhanas agus nár labhradar,
do stadadar agus níor fhreagadar a thuilleadh:

17 freagródsa, leis, mo pháirt féin,
agus taispeánfad m'eólas.

18 Óir táim lán d'abhar cainnte,
agus tá sprid mo bhroinne 'om fháscadh.

19 Féach, tá mo bholg mar ' bheadh fíon nua gur ghá gaoth a thabhairt do,
fíon a bheadh ag scoltadh na n-árthaí nua.

20 Labharfad, agus glacfad anál beagán;
osclód mo bheóil agus freagród.

21 Ní ghlacfad pearsa duine.

Ní chuirfead Dia ar aon leibhéal¹ le duine.

1 Caib. 32. véar. 21. "Ar aon leibhéal". Dar le hEliú do chuir Iob é féin ar aon leibhéal le Dia leis an gcuma 'nar labhair sé le Dia, dhá cheartú féin, díreach mar a labharfadh sé le duine mar é féin. Inseann Eliú, i v. 22, thíos, gurb eagal leis pionós ar an saol eile mar gheall ar a leithéid de chainnt.

22 Óir ní heól dom an fada do leanfad, nú a' dtógfaidh mo dhéantóir chun siúil me tar éis tamaill.

Caib. Trí Dheich a Trí

Eliú ag imdheargadh Ioib toisc gur áitimh sé a neamhciontacht féin.

1 Éist, dá bhrí sin, a Ioib, lem chainntse, agus tabhair cluas dom fhoclaibh go léir.

2 Féach, anois, ó dh'osclas mo bhéal,
labhradh mo theanga laistigh dem chorránaibh.

3 Is óm chroí dhíreach atá mo chainnt ag teacht,
agus labharfaidh mo bheoil breith ghlan.

4 Is é sprid Dé a dhein me
agus anál an Uilechómhachtaigh a thug beatha dhom.

5 Freagair me, más féidir leat é,
agus seasaimh in aghaigh mo ghnúise.

6 Féach, is é Dia a dhein mise, chómh maith leatsa.
Is den chré chéanna a deineadh mise, leis.

7 Ach ná cuireadh m'íunadh scannradh ort,
agus ná bíodh m'úrlabhra trom ort.

8 Anois tá ráite agat im éisteacht,
agus d'airíos guth do chainnte:

9 táimse glan, táim gan pheaca,
táim gan smál; níl mallaitheacht ionam.

10 Toisc go bhfuair sé gearán im choinnibh,
uime sin do mheas sé gur namhaid do me.

11 Do chuir sé laincis ar mo chosaibh,
dhein sé faire ar mo chéimeannaibh go léir.

12 Sa ní sin is ea ná fuiliri ceart:
freagródsa thu: go bhfuil Dia níos mó ná duine.

13 An bhfuilir ag iomaidh leis
toisc ná freagrann sé thu ins gach focal?

14 Labhrann Dia aon uair amháin.
Ní deir sé an rud céanna an tarna huair.

15 Le taibhreamh, in aisling san oíche
nuair a thiteann tromchodladh ar dhaoine,
agus ' bhíd siad 'na suan ar leabaidh.

16 Ansan a dh'osclann sé cluasa daoine,
agus dhá dteagasc, múineann sé dhóibh an ní atá le foghlaim acu.

17 Chun an duine d'iompáil ón rud a bhíonn aige á dhéanamh,
agus chun é ' dh'fhuascailt ó uabhar.

18 Ag teasargan a anama ó thruailliú
agus a bheatha ó dhul chun an chláimh.

19 Smachtaíonn sé, leis, le dólás ar an leabaidh,
agus cuireann sé a chnámha go léir ag feóchadh.

20 Tagann gráin aige ar arán 'na bheatha,
agus in anam ar an mbia do shanntaíodh sé.

21 Beidh a chuid feóla ag leaghadh anuas de,
agus a chnámha a bhíodh clúdaithe beid siad lom.

Leabhar Ioib.

22 Tá a anam tagaithe i ngar do chuirpeacht,
agus a bheatha do sna híditheóiríbh.
23 Má bhíonn aingeal ag labhairt ar a shon
aon a míltibh chun fíoraontachta duine a dh'ínsint,
24 déanfaidh sé trócaire air, agus déarfaidh sé:
Saor é, agus ná téadh sé síos chun cuirpeachta.
Tá cúis chun ceannsachta dho fálda agam.
25 Tá a chuid feóla ídithe le pionóisíbh.
Filleadh sé ar laethibh a óige.
26 Beidh sé ag guí chun Dé agus Dia ceannsa dho
beidh sé ag féachaint fé áthas ar a aghaidh,
agus tabharfaidh sé don duine a fhíoraontacht.
27 Féachfaidh sé ar dhaoinebh agus déarfaidh sé, “Pheacaíos”.
Is fíor gur dheineas iomarbhas, agus ní bhfuaras de réir mar a thuilleas.
28 Tá a anam fuascalta aige ó dhul chun íde,
i dtreó go mairfidh sé agus go bhfeicfidh sé an solas.
29 Féach, oibríonn Dia na nithe sin uile trí huairé ins gach aon duine.
30 Chun go dtarraiceódh sé a n-anam ó thruailliú,
agus soíllseódh sé iad le solas na mbeó.
31 Tabhair aire, a Ioib, agus éist liom,
agus bíse ciúin an fhaid a bheadsa ag cainnt.
32 Ach má tá aon ní agat le rá, labhair, agus freagair me,
óir ba mhaith liom go bhféachfá fíoraonta.
33 Ach mura bhfuil éist liom:
bí ciúin agus múinfeadsa eagna dhuit.

Caib. Trí Dheich a Ceathair

Eliú ag cur diamhasla i leith Ioib: agus ag taispeáint cómhachta Dé agus cirt Dé.

1 Agus do lean Eliú dá chainnt, agus duairt sé:
2 Éistidh, a shaoithe, lem chainnt,
agus, a dhaoine léannta, éistidh liom.
3 Óir tástálann an chluas bréithre,
agus breithníonn an béal bia ó bhlas.
4 Toghaimís breithiúntas dúinn féin.
Agus feicimís eadrainn féin cad is feárr.
5 Óir tá ráite ag Iob: Táimse fíoraonta
agus tá mo bhreith bun-os-cionn ag Dia.
6 Óir sa bhreith a tugtar orm tá éitheach.
Tá mo shaíghead dian gan aon pheaca.
7 Cé hé an fear atá mar Iob,
ag slogadh tarcaisne ar nós uisce?
8 Fear a dh'imíonn i gcómhluadar le lucht uilc a dhéanamh
agus a shiúlann le daoinebh mallaithe.
9 Óir deir sé: Ní dhéanfaidh an duine toil Dé
bíodh go rithfidh sé in éineacht leis.
10 Dá bhrí sin, éistidh liom, a dhaoine tuisceanacha,

Leabhar Ioib.

i bhfád ó Dhia mallaitheacht!

I bhfad ón Uilechómhachtach éagóir!

11 Óir tabharfaidh sé don duine de réir a ghníomhartha,
agus de réir slite gach duine a thabharfaidh sé tuarastal dóibh.

12 Óir go deimhin deimhin ní dhaorfaidh Dia gan chúis,
ná ní thabharfaidh an tUilechómhachtach breith bun-os-cionn.

13 Cé eile atá ceapaithe aige os cionn na talún?

Nú cé atá curtha aige os cionn an domhain a dhein sé féin?

14 Má iompaíonn sé a chroí chuige
tarraiceó' sé a sprid agus a anál chuige féinig.

15 Raghaidh gach feoil ar feó mar a chéile,
agus iompóidh an duine 'na luaithrigh.

16 Uime sin má tá tuiscint agat éist leis an ní adeirtear.

Agus tabhair cluas do ghuth mo chainntese.

17 An té ná taithneann breithiúntas leis an féidir é ' leigheas?

Agus conas a thugann tusa daorbhreith ar an tá atá ceart?

18 An té adeir leis an rí: "A mhéirligh".

A thugann daoine neamhdhiaga ar rialtóiríbh:

19 an té ná glacann pearsana príúnsaí:

agus ná cuireann suím sa tíoránach nuair a bhíonn sé ag iomaidh leis an nduine mbocht:
óir is iad obair a lámh féin iad go léir.

20 Gheóbhaid siad bás go hobann, agus sa mheán oíche beidh buaireamh ar na daoine,
agus imeóid siad, agus tógfaid siad chun siúil lucht éigin gan lámh.

21 Óir tá a shúile ar shlitibh daoine
agus tugann sé fe ndeara a gcéimeanna go léir.

22 Níl doircheacht, ná níl scáil bháis,
chun lucht uile a dhéanamh do chur i bhfolach ann.

23 Óir níl ar chumas an duine a thuilleadh
dul i mbreithiúntas le Dia.

24 Brisfidh sé go mion a lán, agus daoine gan áireamh,
agus cuirfidh sé a malairt 'na seasamh 'na n-áit.

25 Óir is eól do a n-oibreacha,
agus uime sin tabharfaidh sé an oíche orthu, agus idéofar iad.

26 Táid siad buailte aige, toisc iad a bheith mallaithe, i radharc daoine.

27 D'éiríodar 'na choinnibh d'aon ghnó mar ' bheadh,
agus níorbh áil leó a shlite do thuiscint.

28 Chuireadar ' fhéachaint ar éamh lucht gátair teacht chuige.
Agus d'éist sé le glór na mbocht.

29 Nuair a thugann sé síocháin uaidh cé do lochtóidh?
Nuair a cheileann sé a ghnúis cé ' fhéadann é ' fheiscint,
peocu ar náisiúnaibh é, nú ar dhaoinibh i gcoitine?

30 Deineann sé rí de chealgaire
mar gheall ar pheacaíbh na ndaoine.

31 Anois ó tá labhartha agamsa i dtaobh Dé
ní choiscead tusa id thráth féin.

32 Má tá tuathal déanta agam, teagaiscse me.

Má tá mallaitheacht labhartha agam ní deárfad a thuilleadh.

33 An bhfuil Dia dhá iarraidh ort toisc nár thaithn sé leat?

Leabhar Iob.

Óir is tusa ' thosnaigh an chainnt agus ní mise,
ach más eól duit aon rud níos fearr labhair.

34 Labhradh daoine tuisceanacha liom,
agus éisteadh duine éagnaí liom.

35 Ach do labhair Iob go hamadánta
agus ní glór dea-rialta atá 'na chainnt.

36 A athair. Trialtar Iob go deireadh.

Ná cuir suas de dhuine na mallaitheachta.

37 Mar tá diamhasla aige dá chur le na pheacaíbh,

san am gcéanna ceangaltar eadrainn é agus ansan bíodh sé ag gríosadh Dé chun breithiúntais lena chainteannaibh.

Caib. Trí Dheich a Cúig

Eliú dhá rá, an t-olc nú an mhaith a dheineann an duine ná sroisid siad Dia.

1 Agus do labhair Eliú an chainnt seo:

2 An ceart do smaoinemh, dar leat, go ndéarfá: Is cirte me ná Dia?

3 Óir dúraís: Ní thaithneann an ní is ceart leat.

Nú cad é an tairbhe dhuit go ndéanfainn peaca?

4 Dá bhrí sin tabharfadsa freagra ar do chainnt
agus ar do cháirdibh mar aon leat.

5 Féach suas chun neimhe agus feic,
agus tabhair fé ndeara an spéir, gurb aoirde í ná tusa.

6 Má dheineann tú peaca, cad é an dochar a dhéanfair do?

Agus má iomadaítear* do pheacaí cad a dhéanfair 'na choinnibh?

7 Agus má dheineann tú ceart cad a thabharfair do?

Nú cad a ghlacfaidh sé as do láimh?

8 Déanfaidh do dhrochghníomh dochar do dhuine mar thu féin, b'fhéidir.

Agus déanfaidh do ghníomh fónta tairbhe do mhac duine b'fhéidir.

9 Trí liacht lucht éigin beid siad ag éamh,
agus ag éagaoineadh trí neart lámha an tíoránaigh.

10 Agus ní duairt sé: Ca bhfuil Dia a dhein me?

A thug uaidh dánta san oíche?

11 A mhúineann sinn tar bheithígh na talún,
agus a theagascann sinn thar éanlaithe an aeir.

12 Beid siad ag éamh ann, agus ní éistfidh sé leo
mar gheall ar uabhar na ndrochdhaoine.

13 Ní hin aistear a bheidh Dia ag éisteacht, dá bhrí sin.

Féachfaidh an tUilechómhachtach isteach i gcúiseannaibh gach duine.

14 'Sea, agus nuair adéarfair: Ní chuireann sé súim:

bí dhod bhreithniú* os a chómhair, agus bí ag súil leis.

15 Óir níl a fhíoch aige dá thabhairt amach anois,
ná níl díoltas rómhór aige á dhéanamh ar mhallaitheacht.

16 Dá bhrí sin is in aistear ' osclann Iob a bhéal,
agus is gan eólas atá sé ag méadú cainnte.

Caib. Trí Dheich a Sé

Eliú ag comáint leis agus ag cainnt, ag cur síos ar cheart Dé agus ar a chómhacht.

- 1 Agus do lean Eliú ag cainnt agus duairt sé:
- 2 Fuilig liom beagán, agus taispeánfad duit:
óir tá roinnt le rá fós agam ar mhaithe le Dia.
- 3 Neósfad m' eólas ó thosach, agus taispeánfad mo dhéantóir a bheith ceart.
- 4 Óir go deimhin táid mo bhréithre gan bhréag.
Agus léireófar duit eólas beacht.
- 5 Ní theilgeann Dia uaidh lucht cómhachta,
mar tá sé féin, leis, cómhachtach.
- 6 Ach ní shábhálann sé drochdhaoine,
agus tugann sé breithiúntas do sna bochtaibh.
- 7 Ní thógfaidh sé a shúile ón nduine chóir,
agus cuireann sé ríthe i gcómhacht go deó (agus cuireann sé ríthe i gcathaoir ríoga go deó)
agus árdáithear iad.
- 8 Agus má bhíd siad i slabhraibh,
agus gofa le téadaibh an dealúis,
- 9 Taispeánfaidh sé dhóibh a n-oibreacha,
agus a gcortha, mar go rabhadar éigeantach.
- 10 Oslóidh sé a gcluas, leis, chun iad do chur ar a leas,
agus labharfaidh sé, chun go n-iompóidís ó mhallaitheacht.
- 11 Má éistid, agus má chuirid súim, críochnóid siad a laethanta go maith,
agus a mblianta i nglóire.
- 12 Ach mura n-éistid, is le claíomh a dh'imeóid siad,
agus in amadántacht a dh'ideófar* iad.
- 13 Bíd cealgairí agus lucht gastachta ag gríosadh feirge Dé.
agus ní bheidh siad ag éamh nuair a ceanglófar iad.
- 14 Éagfaidh a n-anam i stoirm,
agus a mbeatha i measc na neamhghlan.
- 15 Fuasclóidh sé an dealbh as a chruatan,
agus osclóidh sé a chluas i ngéibhinn.
- 16 Dá bhrí sin tabharfaidh sé saoirse leathan duit as an mbéal gcúng¹ ná fuil aon bhun faoi aige.
Agus beidh suaimhneas do bhúird lán de méithreas.
- 17 Tá breith tabhartha ar do chúis mar bhreith an drochdhuine.
Gheóbhair thar n-ais idir bhreith agus cúis.
- 18 Dá bhrí sin ná buadh fearg ort chun bheith cruaidh ar aon duine:
agus ná hiompaíodh liacht tabharthaistí i leataoibh thu ach chómh beag.
- 19 Leag ar lár do mhórgacht gan bhuaireamh
agus iad san uile atá láidir i neart.
- 20 Ná bí ag cur na hoíche i bhfaid chun go dtiocfadh daoine aníos dhá n-iarraidh.
- 21 Seachain agus ná hiompaigh i leataoibh chun mallaitheachta.
Óir tá tosnaithe agat ar í sin do leanúint i ndiaidh na géibhinne².
- 22 Féach, tá Dia go hárd 'na neart,

1 Caib. 36. véar. 16. "As an mbéal gcúng." .i. a hifreann: tá béal ifrinn cúng agus a dhoimhneas gan tón. Ach is i samhaltas do a labharthar san áit seo, .i. go sábhálfar é as a chruatanaibh agus go gcurfar thar n-ais é san aoibhneas a bhí ar dtúis aige.

2 Véar. 21. "Tá tosnaithe agat ar í sin do leanúint i ndiaidh na géibhinne." Tá Eliú dhá chur i leith Ioib, ná fuil eagla Dé air agus go bhfuil sé ag titim i mallaitheacht in ainneóin na géibhinne.

agus níl a shamhail i measc dleachtóirí.

23 Cé ' fhéadfaidh a shlite do scrúdú?

Nú cé ' fhéadfaidh a rá leis: Tá éagóir déanta agat?

24 Cuímhnikh nách eól duit a oibreacha,

ar a bhfuil cantainn déanta ag fearaibh.

25 Chíd na daoine go léir é.

Féachann gach duine air i bhfad uaidh (bíonn gach duine ag féachaint air i bhfad uaidh).

26 Féach, tá Dia mór os cionn ár n-eólais.

Ní féidir uimhir a bhlian do mheas.

27 Tógann sé suas na braonacha fearthana,

agus doirteann sé amach ceathanna 'na dtuilitíbh:

28 ag titim as na scamallaibh a chlúdaíonn gach ní thuas.

29 Má leathann sé amach scamaill mar chábán do féin,

30 agus bheith ag lasadh lena sholas lastuas,

clúdóidh sé, leis, críocha na farraige.

31 Óir is leó san a thugann sé breith ar dhaoine,

agus a thugann sé bia dá lán daoine.

32 Ceileann sé an solas 'na láimh,

agus órdaíonn sé dho teacht arís.

33 Inseann sé dá chara 'na thaobh.

Gurb é a shealús é, agus gur féidir do teacht aníos chuige.

Caib. Trí Dheich a Seacht

Eliú ag leanúint ar a chainnt.

1 Cuireann so mo chroí ag crith

agus ag imeacht as a inead féin.

2 Éistidh go cruínn le scannradh a ghutha,

agus leis an nglór a thagann amach as a bhéal.

3 Tá a fhéachaint fé sna spéarthaibh go léir,

agus tá a sholas ar imeallaibh an domhain.

4 Beidh fuaim ag búirthigh 'na dhiaidh.

Beidh sé ag tóirthniú le guth a mhórgachta féin,

agus ní bhfaighfar amach é nuair ' aireóir a ghlór.

5 Déanfaidh Dia tóirthneach iúntach lena ghlór,

óir is é a dheineann nithe móra doscrúdaithe.

6 Órdaíonn sé don tsneachta teacht anuas ar an dtalamh,

agus d'fhearthainn an gheímhrigh, agus do chith a nirt féin.

7 Cuireann sé a shéala¹ i láimh an uile dhuine,

ionas go n-aithneódh gach duine a oibreacha féin.

8 Ansan raghaidh an beithíoch isteach 'na chlúid.

Agus fanfaidh sé 'na phluais.

9 Tiocfaidh an stoirm as na háiteannaibh istigh,

agus an fuacht as an dtuaiscirt.

1 Caib. 37. véar. 7. "A shéala". Nuair a chuireann sé uaidh na ceathanna san a nirt, .i. na stoirmeacha fearthana, cuireann sé a shéala, .i. dúnann sé suas lámha na ndaoine óna ngnáthoibreachaibh lasmu' agus cimeádann sé laistigh iad, ag breithniú a oibreacha féin, nú ag breithniú roim ré ar na hoibreachaibh atá le déanamh acu féin.

Leabhar Ioib.

10 Nuair a shéideann Dia tagann an sioc,
agus arís bíd na huisceacha dá ndortadh go flúirseach.
11 Iarann arbhar scamail
agus leathaid na scamail a solas:
12 agus iad ag imeacht mórthímpall,
pé treó 'na seólann toil an rialtóra iad,
chun gach ní a dh'órdóidh sé dhóibh ar uachtar an domhain go léir.
13 Peocu in aon treibh amháin nú 'na thalamh féin
nú pé áit in aon chor 'na n-órdó' sé dhóibh, dá thrócaire, bheith le fáil.
14 Éist leis na nithibh seo, a Ioib,
stad agus breithnigh oibreacha iúntacha Dé,
15 An bhfuil ' fhios agat cathain a thug Dia órdú don fhearhainn,
chun solais a scamall do thaispeáint?
16 An bhfuil eólas agat ar chosánaibh móra na scamall,
agus ar a n-eólaisibh beachta?
17 Ná bíd do bhalcaisí te nuair a shéideann an ghaoth aneas ar an dtír?
18 B'fhéidir gur dheinis-se na spéartha 'na theannta,
táid said ana-dhaingean, mar a bheidís déanta de phrás leachta.
19 Taispeáin dúinn cad 'tá againn le rá leis.
Óir táimidne fillte i ndoircheacht.
20 Cé ' neósfaidh do na nithe atá agam á rá?
Má dheineann duine labhairt féin sloigfar é¹.
21 Ach anois ní fheicid siad an solas.
Ramhrófar 'na scamallaibh an t-aer go hobann
agus gluaiseoidh an ghaoth agus séidfídh sí chun siúil iad.
22 Tagann an fuacht as an dtuaiscirt,
agus moladh do Dhia le heagla.
23 Ní féidir dúinn é ' dh'fháil go diongbhálda;
tá sé mór i neart agus i mbreithiúntas,
agus dolabhartha i gceart.
24 Dá bhrí sin beidh eagla ag daoine roimis,
agus gach a bhfuil eagnaí dar leó féin,
ní leómhfaid siad féachaint air.

Caib. Trí Dheich a hOcht

Dia féin ag cur isteach, agus dhá thaispeáint, as na nithibh a dhein sé, nách féidir don duine a chómhacht agus a eagna do léirthuiscint.

1 Ansan d'fhreagair an Tiarna² Iob a gaoith ghuarnain agus duairt sé:
2 Cé hé seo atá ag filleadh breitheanna i mbréithribh gan oilteacht?
3 Criosaiigh suas do luana mar ' dhéanfadh fear:
ceisteódsá thu agus freagairse me.
4 Cá rabhais nuair a chuireas-sa síos clocha buínn an domhain?
Inis dom, má tá tuiscint agat.

1 Véar. 20. "Sloigfar é". Gach ar féidir don duine do rá nuair a labhrann sé ar Dhia, is rud chómh suarach san é i gcúmparáid le Dia féin go mbíonn an duine ar neamhni mar adéarfí, nú go sloigtear sa mhórmhuir sin é.

2 Caib. 38. véar. 1. "An Tiarna", .i. aingeal ag labhairt in ainm an Tiarna.

Leabhar Ioib.

- 5 Cé hé do leog síos a thómhasa, más eól duit?
Nú cé hé do shín an líne air?
- 6 Cad air go bhfuilid a bhuínn curtha daingean?
nú cé ' chuir a chloch chúinne 'na hinead?
- 7 Nuair a bhí réilte na maidne 'om mholadh in éineacht
agus clann mhac Dé go léir ag déanamh gáirdeachais ceóil?
- 8 Cé ' dhún suas an mhuir le dóirsibh,
nuair a bhí sí ag briseadh amach mar ' bhrisfeadh sí a broínn?
- 9 Nuair a chuireas scamall mar éadach uímpi
agus d'fhilleas i ngaileabh í mar éadach naíonachta?
- 10 Chuireas mo theóranna 'na tímpall,
agus dheineas sabhanna agus dóirse dhi:
11 agus duart: Go dtí so a thiochfair, agus ní raghair níos sia.
Agus ar an áit seo a bhrisfir do thonntacha ramhra.
- 12 Ar dheinis-se, ód theacht ar an saol an mhaidean d'órdú, agus a háit a thaispeáint don lóchaint?
- 13 Agus ar rugais greim ar imeallaibh an domhain
agus ar chroithis é, agus ar chroithis na drochdhaoine amach as?
- 14 Aith déanfar an séala ar nós cré,
agus seasóidh sé ar nós éadaigh (agus seasóidh sé mar ' dhéanfadh ball éadaigh).
- 15 Tógfar a solas ó sna drochdhaoineibh,
agus brisfar an chuisle árd.
- 16 A ' ndeighis isteach i ndoimhneasaibh na mara,
agus ar shiúlais in sna háiteannaibh is sia síos den doimhneas?
- 17 Ar hoscladh duit geataí an bháis,
agus a' bhfuairais radharc ar na dóirsibh dúbha?
- 18 Ar bhreithnís leithead an domhain?
Inis dom, má tá fios gach uile ní agat,
- 19 ca bhfuil an tslí 'na gcónaíonn an solas,
agus ca bhfuil áit na doircheachta:
20 ionas go dtabharfá gach ní chun a theóran féin,
agus go dtuigfá a shlite agus a theaghlach.
- 21 An raibh ' fhios agat tu ' bheith le teacht ar an saol?
Agus an raibh fios uimhre do laethanta agat?
- 22 Ar chuais isteach i stóras an tsneachtaidh?
nú an bhfeacaís stórasa an chloichshneachtaidh:
- 23 atá ollamh agamsa do thráth an namhad,
i gcómhair lae an chatha agus an chogaidh?
- 24 Cad í an tslí 'na scaiptear an solas,
agus 'na roinntear an teas, ar an domhan?
- 25 Cé ' thug a gcuarda do sna ceathannaibh neartmhara,
agus a bóthar don tóirthnigh gharbhghlórach:
- 26 chun go mbeadh fearthainn ar thalamh gan duine, sa bhfiantas,
in áit ná bíonn aon daonnaí ag cónaí ann,
- 27 chun go líonfadh sí an t-uaigneas agus an talamh atá 'na dhíthreabh.
agus go gcuirfeadh sí glasraí ag fás air.
- 28 Cé hé athair na fearthana?
Cé he do ghein na braonacha drúchta?
- 29 Cé leis an bhroínn as a dtáinig an leac oighre?

Leabhar Ioib.

Agus an sioc as an spéir cé ' ghein é?
30 Cruaítear na huisceacha ar nós cloiche,
deintear leac oighre d'uachtar an doimhnis.
31 An bhféadfair réilte an tréidhlín¹ a thabhairt dá chéile,
nú an bhféadfair cosc do chur le casadh timpall Arctúruis?
32 An féidir leat réalt an tsolais do thabhairt amach in' am féin,
nú a chur ' fhéachaint ar an réalt nóna éirí ar dhaoinibh an domhain?
33 An bhfuil eólas agat ar órdú neimhe,
agus an féidir leat a chúiseanna ' chur síos ar an dtalamh?
34 An féidir leat to ghlór a dh'árdú suas chun na scamall,
i dtreó go gclúdódh flúirse uisce thu?
35 An féidir leat splanncracha do chur uait,
agus an imeóid siad, agus an dtiocfaid siad tar n-ais chúit, agus an ndéarfaid said: Táimid anso?
36 Cé ' chuir eagna i gcroí an duine?
Agus cé ' thug tuiscint² don choileach?
37 Cé ' fhéadfaidh órdú na spéartha d'insint,
nú cé ' fhéadfaidh cómhcheól neimhe do chur chun suain?
38 Cathain a caitheadh an luaithreach ar an dtalamh,
agus cathain a dlúthaíodh na fóid ar a chéile?
39 An dtógfair foghail na leóna
agus an sásóir ocras a coileán,
40 agus iad 'na luí in sna pluaisibh agus ag faire ins na pollaibh?
41 Cé ' sholathrann bia don fhiach dubh,
nuair a bhíonn a gheárrcacha ag glaoch ar Dhia,
ag gluaiseacht timpall toisc gan aon bhia ' bheith acu?

Caib. Trí Dheich a Naoi

Is iúntach iad cómhacht Dé agus leamhnú Dé, i dtaobh a lán de sna nithibh a chruthaigh sé.

1 An bhfuil agat fios na haimsire 'na mbíd na gabhair fhíaine ag breith i measc na gcarraigreach nú ar thugais fé ndeara na fianna nuair a bhíd siad ag breith?
2 Ar chómhairís míosa a dtoirchithe,
nú an eól duit an t-am 'na mbéarfaid siad?
3 Lúbaid siad iad féin ag cur a dtoircheas díobh,
cuirid siad díobh iad, agus bíd siad ag búirthigh.
4 Deighiltear a dtoircheasa agus imíd siad chun fosaíochta,
agus ní chasaid siad orthu.
5 Cé do leog amach scaoilte an t-asal fiain,
agus cé ' bhain de a cheanglacha?
6 Thugas-sa dho tigh sa bhfiantas,
agus a áiteanna cónaithe sa díthreabh.
7 Is beag air slua na cathrach.
Ní airíonn sé glam an ghiolla.

1 Véar. 31. "An treidhlín", "Pleiades", .i. seacht reiltíní atá in aon chrobhaing amháin sa reannréalt ar a dtugtar Taurus. Arctúrus, réiltún sholasmhar atá sa reannréalt ar a dtugtar Bootes. "Cesil" an ainm san Éabhras, agus mínítear go hiolartha an focal. Deir drong gur "Orion" é. Deir drong eile gurb é an "Great Bear" é.

2 Véar. 36. "Tuiscint", an nádúr atá sa choileach lena n-aithníonn sé cathain san oíche is ceart do glaoch.

Leabhar Iuib.

- 8 Bíonn sé ag féachaint 'na thimpall ar chnucaibh a fhosaíochta,
agus bíonn sé ag lorg gach glasra.
- 9 An mbeidh an *rhinoceros* toiltheanach chun seirbhíse ' dhéanamh duit,
nú an bhfanfaidh sé ageat mhainséar?
- 10 An bhféadfair an *rhinoceros* do cheangal led éill chun treafa,
nú an mbrisfidh sé fóid an gleanna id dhiaidh?
- 11 An mbeidh iúntaoibh agat as a mhórneart,
agus an bhfágfair do chuid oibre faoi?
- 12 An mbeidh iúntaoibh agat as go dtabharfaidh sé dhuit an síol,
agus go gcruinneó' sé isteach é i t'úrlár buailte?
- 13 Tá sciathán an *strútióin*
mar sciathána na cuirre glaise, nú an tseabhaic.
- 14 Nuair ' fhágfaidh sí a huibhe ar an dtalamh
b'fhéidir go dtéifirse iad sa luaithrigh.
- 15 Dearúdann sí go mb'fhéidir go satlódh cos orthu,
agus go mb'fhéidir go mbrisfeadh beithígh an mhachaire iad.
- 16 Cruann sí in aghaidh a toircheas, chómh maith agus nárbh iad a cuid féin iad.
Bhí a dua in aistear, gan aon eagla dhá cosc.
- 17 Mar do bhain Dia dhi a ciall,
agus níor thug sé dhi a tuiscint.
- 18 Nuair a bheidh an t-am ann tógann sí suas a sciathána:
Is beag aici an t-each agus a mharcach.
- 19 An dtabharfairse neart don each,
agus an gclúadóir a mhúineál le seitrigh?
- 20 An dtógfair suas é* ar nós na lócaistí?
Is scannradh glóire a shrón.
- 21 Bíonn sé ag briseadh an tailimh lena chrúib, agus bíonn sé ag gliadar go dána.
Gluaiseann sé amach in aghaidh lucht airm.
- 22 Bíonn neamhshuím aige in eagla.
Ní thugann sé a chúl leis an gclaiomh.
- 23 Beidh an taisce ag fothramáil os a chionn,
an tsleagh agus an sciath ag spréacharnaigh.
- 24 Ag tóiríocht ar buile sloigeann sé an talamh
agus ní chuireann sé suím sa bhfuaim nuair a bhíonn an trúmpa ag labhairt.
- 25 Nuair ' airíonn sé an trúmpa deir sé: Ha ha: mothaíonn sé balaithe an chatha i bhfad uaidh,
na taoisigh ag gríosadh na bhfear; liúireach na bhfear ag freagairt.
- 26 An gcuireann t'eagnasa clúmh ar an seabhac,
ag leathadh a sciathán (ag dul) ó dheas?
- 27 An éireoidh an fhiolar le t'órdúsa chun a nid a dhéanamh in sna háiteannaibh árda?
- 28 Tá a cónaí i measc na gcarraigreach,
fanann sí i measc na gcruachloch ngarbh,
agus i measc na bhfaillteach, in áit nách féidir dul ann.
- 29 Bíonn sí ag faire, as an áit sin, ag lorg foghla,
chíonn a súile rud i bhfad uaithi.
- 30 Beid a géarrcacha ag ól fola:
agus pé áit 'na mbíonn corpán bíonn sí ann láithreach.
- 31 Agus do lean an Tiarna, agus duairt sé le Iob:

Leabhar Ioib.

32 An fear a dheineann argóint le Dia an éisteann sé chómh bog san? (an gciúnaítear é chómh saoráideach san?)

Ar ndóin, an té a dheineann aighneas le Dia is ceart do Dia d'fhreagairt.

33 Ansan d'fhreagair Iob an Tiarna agus duairt sé:

34 Do labhras gan breithniú¹. Cad 'tá le freagairt agam?

Cuirfead mo lámh ar mo bhéal.

35 Duart rud agus b'fheárr liom ná déarfainn é,
agus duart rud eile agus ní chuirfead leis.

Caib. a Daichead

Cómhacht Dé sa bhehemot agus sa leviatan.

1 Ansan d'fhreagair an Tiarna Iob amach as an ngaoith ghuarnain agus duairt sé:

2 Crios suas do luana mar a dhéanfadh fear:

fiafród duit agus inis-se dhom.

3 An gcuirfir mo bhreithiúntas-sa ar neamhní:

agus an gcuirfir san éagóir me chun tu féin a chur sa cheart?

4 Agus an bhfuil cuisle agat mar atá ag Dia?

Agus an féidir leat tóirthniú le glór mar a ghlór?

5 Clúdaigh thu féin le háilleacht, agus árdaiigh thu féin suas thar beartaibh,

agus bhí glórmhar agus cuir iorraí uaisle umat.

6 Scaip lucht uabhair le t'fheirg,

agus leag an fear teann le t'fhéachaint.

7 Féach ar gach lucht uabhair agus scannraigh iad,

agus brúigh lucht mallaitheachta 'na n-áit féinig.

8 Cuir i bhfolach sa luaith iad in éineacht,

agus saigh a n-aghaidh síos sa pholl.

9 Ansan admhódsa go bhfuil do lámh dheas ábalta ar tu ' shábháil.

10 Féach *behemot*²; id theannta a dheineas é.

Itheann sé an féar glas ar nós an daimh.

11 'Na luanaibh atá a chómhacht,

agus in imleacán a bhuilg atá a neart.

12 Díríonn sé a eireaball ar nós céadair.

Táid lúithreacha a thiarpán fillte ar a chéile.

13 Is cuma a chnámha nú píopaí práis.

Tá a fhéithleóga mar ' bheadh plátaí iarainn.

14 Sin é tosach slite Dé.

An té a dhein é imreoidh sé a chlaíomh³.

15 Tugaid na cnuic féar glas amach do,

1 Caib. 39. véar. 34. "*Gan breithniú*". Má bhreithnímidne gach a nduairt Iob (adeir Gregóir naofa) ní fhéadfaimid a rá gur labhair sé focal peacúil. Tá teistiméireacht an Tiarna féin againn chuige sin (caib. 42. v. 7, 8) ach is é locht a bhí ar a chainnt ná an nós ar a labhradh sé uaireanta, an iomad iage dá rá i dtaobh a raibh aige dá fhulag, agus gan aon rud* aige dá rá i dtaobh maitheasa Dé dho.

2 Caib. 40. véar. 10. "*Behemot*", san Éabhrais "*Behema*", .i. i gcoitine "ainmhí". Ach deir a lán lucht eólais gurb ar an elefant atá trácht anso.

3 Véar. 14. "*Imreoidh sé a chlaíomh*." Tá a lán míniúcháin ar an gcainnt sin. Deir drong gurb é rud an "claíomh" ná an adharc a tugadh don ainmhí chun é féin a chosaint. Deir drong eile go gciallaíonn an claíomh an chómhacht a thug Dia don duine chun a mharaithe in ainneóin a nirt go léir.

Leabhar Iuib.

ansan a bheidh beithígh an mhachaire ag súgradh.
16 Sa scáth a chodlann sé, i gceilt na luachra, agus in áiteannaibh úra.
17 Clúdaid na scáileanna a scáth.
Beid saileacha na srúille mórtámpall air.
18 Féach, ólfaidh sé abha agus ní bheidh iúnadh air.
Agus tá súil aige go rithfidh an Iordan isteach 'na bhéal.
19 'Na shúilibh a thógfaidh sé é, le dúán mar adéarfí,
agus pollfaidh sé a shróna le cuailíbh.
20 An bhféadfairse *leiviatan* do tharrac amach le dúán,
nú a theanga do cheangal le téid?
21 An bhféadfá sróinín a chur 'na shróin,
nú a chorrán do pholladh le búcla?
22 An mbeidh sé ag achainí go minic chút
nú ag labhairt cainteanna réidhe leat?
23 An ndéanfaidh sé margadh leat,
agus an nglacfair 'na sheirbhíseach go deó é?
24 An mbeir ag súgradh leis mar ' bheifá le héan?
Nú an ndéanfair é ' cheangal dod chailíníbh?
25 An ngeárrfaid cáirde 'na bhloghaibh é?
An roinnfid ceannaithe é?
26 An líonfair líonta lena chroiceann?
nú cábáin éisc lena cheann?
27 Buail do lámh air:
cuímhnikh ar an gcath agus ná habair a thuilleadh.
28 Féach, teipfidh a dhóchas air: agus i radharc gach éinne leagfar ar lár é.

Caib. Cheithre Dheich a hAon

Tuilleadh ag cur síos ar an leiviatan.

1 Ní mhúsclód é mar ' dhéanfadh aon neamhatruach,
óir cé ' sheasódh in aghaidh mo ghnúise!
2 Cé ' thug dom roim ré agus go raibh orm díol fiach a dhéanamh leis?
Is liomsa an uile ní atá fé neamh.
3 Ní spárálfad é, ná a bhréithre cómhachtacha,
atá cúltha chun achainíocha do dhéanamh.
4 Cé ' thaispeánfaidh aghaidh a chlúdaigh?
Nú cé ' fhéadfaidh dul isteach i lár a bhéil?
5 Cé ' fhéadfaid dóirse a aghaidh a dh'oscailt?
Is scannrúil iad a fhiacra mórtámpall.
6 Is cuma a chorp nú sciathána leachta,
dúnta suas go dlúth le gainníbh ag luí ar a chéile.
7 Gach ceann díobh dlúite ar cheann eile
i dtreó nách féidir aon ghaoth do dhul eatarthu.
8 Iad ceangailte dhá chéile agus greamaithe ar a chéile,
i dtreó nách féidir iad do scarúint lena chéile.
9 A shraothartach mar thaithneamh tine,
agus a shúile mar fhabhraí súl na maidne.

Leabhar Iuib.

- 10 Lampáí ag teacht as a bhéal,
mar ' bheadh tóirsí tine ar lasadh.
- 11 Deatach ag teacht as a shrónaibh,
mar ' bheadh a corcán te ag fiuchaidh.
- 12 Lasann a anál sméaróidí,
agus bíonn lasair amach as a bhéal.
- 13 Cónóidh neart 'na mhuineál,
agus bíonn dealús ag gluaiseacht os a chómhair (roimis amach).
- 14 A bhalla beatha dlúite ar a chéile:
cuirfidh sé splanncracha 'na choinnibh,
agus ní béarfad go háit eile iad.
- 15 Beidh a chroí chómh cruaidh le cloich,
agus chómh daingean le hinneóin gabha.
- 16 Nuair a dh'árdóidh sé suas é beidh eagla ar na haingealaibh¹,
agus le neart eagla glanfaid siad iad féin.
- 17 Nuair a bhuaifidh claíomh é ní fhéadfaidh an claíomh seasamh, ná sleagh, ná lúireach.
- 18 Óir ní bheidh in iarann do ach mar ' bheadh tuí.
Ná i bprás ach mar ' bheadh adhmaid lofa.
- 19 Ní chuirfidh an saigheadóir ruag air.
Níl i gclochaibh an chraínn tabhaill do ach* mar a bheadh coínleach.
- 20 Meas coínligh a bheidh aige ar an gcasúr,
agus déanfaidh sé gáire fonóide fén bhfear a bheartaíonn an tsleagh.
- 21 Beid gathanna na gréine faoi².
Agus beidh sé ag scaipeadh óir faoi ar nós na draoibe.
- 22 Cuirfidh sé an mhuir doimhinn ag fiuchaigh ar nós corcáin.
Agus cuirfidh sé í i riocht úngthacha ag fiuchaidh.
- 23 Beidh casán ag taithneamh 'na dhiaidh,
beidh an doimhneas, dar leis, ag críonú³.
- 24 Níl aon chómhacht ar talamh le cur i gcomórtas leis an té a deineadh chun gan eagla ' ghlacadh roim éinne.
- 25 Chíonn sé gach ní is árd,
tá sé 'na rí⁴ ar chlaínn uile an uabhair.

Caib. Cheithre Dheich a Dó

Iob dhá úmhlú féin. Dia ag tabhairt breithe i bhfabhar do. Íbirt aige á dhéanamh ar son a charad. Rath saibhris air, agus rath sleachta agus dei-bhás do.

- 1 Ansan d'fhreagair Iob an Tiarna agus duairt sé:
2 Tá ' fhios agam gur féidir leat gach ní do dhéanamh,
agus ná fuil aon smaoinemh fé cheilt uait.
3 Cé hé seo a bhíonn ag ceilt cómhairle in easpa eólais?

1 Caib. 41. véar. 16. "Aingealaibh." "Elim", san Éabhrais, agus ciallaíonn sé "na cómhachtacha", "na tréana". Beidh eagla acu go léir roimis an iasc mór so, agus beid siad dhá nglanadh féin le neart eagla.

2 Véar. 21. "Faoi". Ní bheidh aon mheas aige ar gathannaibh na gréine, agus beidh meas na draoibe aige ar ór.

3 Véar. 23. "An doimhneas ag críonú", .i. ag liathadh le haois, mar gheall ar an gcúrán a bheidh 'na dhiaidh ar an uisce.

4 Véar. 25. "'Na rí". Tá sé, lena neart, os cionn a bhfuil mór agus láidir i measc créatúirí beó. I gcéill diamhar tuigtear an chainnt i dtaobh an diabhail, ós é atá 'na rí ar lucht uabhair.

Leabhar Ioib.

Dá bhrí sin do labhras go neamheagnaí, agus nithe a bhí i bhfad os cionn m'eólais.

4 Éist liom agus labharfad.

Fiafród díot agus inis-se dhom.

5 Le héisteacht na cluaise a dh'airínn tu,
ach chionn mo shúil tu anois.

6 Dá bhrí sin tá milleán agam orm féin
agus táim ag déanamh aithrí i luaith agus i luaithrigh.

7 Agus tar éis na cainnte sin a bheith ráite ag an dTiarna le Iob duairt sé le hEliphas an Temaníteach: Tá m'fhearg adhanta id choinnibhse agus i gcoinnibh do bheirt charad, mar ní hé an ní is ceart atá labhartha agaibh os mo chómhair, mar a labhair mo sheirbhíseach Iob. 8 Tógaidh chúibh, dá bhrí sin, seacht ndaimh agus seacht reithí, agus téidh ag triall ar mo sheirbhíseach Iob agus ofráilidh *holocaust* ar úr son féin: agus guífidh mo sheirbhíseach Iob ar úr son. Glacfad a aghaidh sin, ionas ná curfí amadántacht 'núr leithse óir níor labhrabhair nithe ba cheart os mo chómhair mar a dhein mo sheirbhíseach Iob.

9 Ansan d'imigh Eliphas an Temaníteach, agus Baldad an Suhíteach, agus Sophar an Naamatíteach, agus dheineadar mar aduairt an Tiarna leó, agus do ghoibh an Tiarna le n-ais aghaidh Ioib.

10 Agus bhí an Tiarna iompaithe, leis, ag aithrí Ioib, nuair ' bhí sé ag guí ar a cháirdibh. Agus do thug an Tiarna do Iob a dhá oiread agus ' bhí aige roimis sin.

11 Agus tháinig a bhráithre go léir, agus a dhriféaracha go léir, agus d'itheadar bia in' fhochair 'na thigh agus chaoineadar é, agus bhíodar ag cur sólais air i dtaobh an uilc go léir a chuir Dia air. Agus thug gach fear do uan baineann agus fáinne cluas d'ór.

12 Agus chuir an Tiarna rath ar staid dheirineach Ioib níos mó ná mar a bhí ar a chéad staid. Agus bhí cheithre mhíle dhéag caíora aige agus míle seisreach damh, agus míle asal.

13 Agus bhí mórsheisear mac aige, agus triúr iníon. 14 Agus thug sé Dies mar ainm ar dhuine acu, agus Cassia ar an tarna duine, agus Cornustibí mar ainm ar an dtríú duine, 15 agus ní raibh le fáil sa domhan go léir mná a bhí chómh breá le hiníonachaibh Ioib, agus thug a n-athair oidhreacht dóibh i measc a mbráthar.

16 Agus do mhair Iob, tar éis na nithe sin, céad blian agus daichead. Agus chonaic sé a chlann agus clann a chlainne, go dtí an ceathrú glúin. Agus fuair sé bás agus é 'na sheandúine, lán de laethantaibh.*

Nótaí

1 A note says: *an chéad lá de mhí na Nollag 1915 a tosnaíodh.*

3 *Nár uimirthear í i laethantaibh na bliana. In sna míosaibh nár áirítear í:* although the autonomous form of regular verbs is not lenited in any tense of the indicative mood in PUL's Irish, the present subjunctive is lenited (see *nár bhuailtear* in *Séadna*). It follows that where the autonomous form of the present subjunctive begins with a vowel, it would not receive h-prefixation. 9 *I láimh a mallaitheacht:* a later hand, apparently Risteárd Pléimeann, adjusts this to *i láimh a mallaitheachta*, but the amendment is rejected here, as the genitive of words in *-acht* is generally left undeclined in WM Irish. This point is obscured in PUL's works, which tend to give the genitive, but this passage here suggests his Irish was no different in this point to that of other Muskerry natives.

Leabhar Ioib.

- 11 *Dem bheatha*: delention of the *bh* is not shown in the manuscript.
- 11 *Uim phian*: delention of the *ph* is not shown in the manuscript.
- 13 *Agus nuair 'adhlaclfar thu*: h-prefixation of the autonomous form is not given here.
- 20 *Ní árdófar iad*: h-prefixation of the autonomous form is not given here.
- 24 *Ní ídeófar*: h-prefixation of the autonomous form is not given here.
- 24 *Nár adaíodh*: h-prefixation of the autonomous form is not given here.
- 29 *Baldad ag trácht ar cheart Dé nách féidir aon duine 'bheith ceart os a chómhair*: PUL's chapter heading here is not a translation of that in the Douay Bible, which reads "God's providence often suffers the wicked to go on a long time in their sins: but punisheth them in another life".
- 32 *Ní ainmneófar*: h-prefixation of the autonomous form is not given here.
- 33 *Lenar gcluasaibh do chualamair a dtrácht*: the manuscript is adjusted here to read *a thrácht*, probably in line with the Douay reading "with our ears we have heard the fame thereof". But as PUL is referring back to *eagna* and *tuisclint* in verse 20, the original reading is restored here. Similarly, a number of amendments were made to the next verse (apparently by a later hand as the handwriting is not that of PUL), the original of which is hard to make out for sure. It is thus edited here as *tuigeann Dia a slí, agus is eól do a n-áit*, referring back in the plural to verse 20 once again.
- 33 *D'ollmhaítí*: this autonomous is worth noting, as PUL once again eschews h-prefixation (*do hollmhaítí*).
- 42 *Má iomadaítear*: this is another example of failure to prefix h to the autonomous form.
- 42 *Bí dhod bhreithniú*: the Douay Bible here has "be judged", and yet the manuscript has *bhíodh do d' bhreithniú*.
- 43 *In amadántacht a dh'ídeófar iad*: once again there is no h-prefixation of the autonomous form, and we have padding with *dh'* (essentially lenition of the perfective particle *do*) instead.
- 48 *An dtógfair suas é*: an alternative translation *an gcuirfir ag léimrigh é?* is given above this line of text, but the handwriting doesn't seem to be PUL's, and this is not a good translation of a line that reads in the Douay Bible "wilt thou lift him up?"
- 49 *Gan aon rud aige dá rá i dtaobh maitheasa Dé dho*: this is amended, apparently by a later hand, to *gan puínn aige dá rá* etc. The Douay Bible here has "speaking ... too little of God's goodness towards him".
- 52 *Níl i gclochaibh an chraínn tabhaill do ach mar a bheadh coínleach*: the manuscript here had *ar mar a bheadh &c*, which appears to be a spelling mistake for *ach mar a bheadh*.
- 52 A note says: *An séú lá déag de mhí na Nollag, sa bhliain d'aois an Tiarna míle naoi gcéad a cúigdéag, leathuair tar éis a deich a chlog um thráthnóna.*